

Cuisle na nGael

A BILINGUAL COMMUNITY MAGAZINE

- 2023 -



Foilsithe mar chuid de
Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge

Le tacaíocht ó



Foras na Gaeilge

EAGARFHOCAL: “Ná labhair faoi, tabhair faoi” T. Mac Ardghail

I ndiaidh tost fada, a mhair na blianta, cad é a ghríosai^{gh} muid chun eagrán nua de ‘Cuisle na nGael’ a eisiúint? I saol fíorúil ár linne, an bhfuil gá ann go fóill d’ilchnuasach éadrom dátheangach mar iris Chraobh an Iúir agus an bhfuil margadh ann dona leithéid? An mbeadh sé réalai^{och} 2000 cóip a chur amach, mar shampla, mar a rinne muid leis an eagrán deireanach? Is é lomchlár na fírinne nár éirigh daoine áirithe as a bheith ag caint faoi fhiúntas agus faoi thionchar na hirise, faoin dóigh ar spreag ailt sna heagraín sin taighdeoirí nua chun paimfléid, leabhair, suíomhanna gréasáin agus leathanaigh rathúla Facebook a fhoilsiú. Tugtar moladh go fóill dúinn in amanna as siocair gur nocht muid gan scáth gan eagla leithcheal an Stáit i leith na Gaeilge, gur thacaigh muid le bunú agus buanú Bhunscoil an Iúir agus go raibh muid ar cheann de na grúpaí ar éirigh leo aird a dhíriú ar dhualgas na Comhairle chun Oifigeach Gaeilge a fhostú. Neart bainte amach go deimhin, ag buíon bheag gan acmhainní. Agus i ngort seo na habhchóideachta, feictear dúinn go mbeidh tuilleadh le déanamh ar ball. Faoin Acht Identity and Language (Northern Ireland) 2022 beidh Coimisinéir againn gan mhoill. Ní léir dúinn ar leibhéal áitiúil áfach go bhfuil eagrais Stáit nó mór-eagrais eile ag ullmhú le haghaidh impleachtaí an Achta ina sainréimsí oibríochtúla féin. Agus sa chorrchás ina bhfuil polasaithe agus cleachtaí teanga acu mar atá, is ar éigean go bhfuil a leithéid cuimsitheach, pobal-lárnaithe nó uailmhianach go leor. Táimid mar Chraobh ar fáil le bheith ag cuidiú le grúpaí go praiticiúil ach b’fhearr i bhfad tacaíocht ó rialtas, ó údarás, nó ó roinn státmhaoinithe eile.

Tá comhairle faighte againn le déanaí ónár gcairde sna tíortha sa Bhreatain ina bhfuil Acht teanga i bhfeidhm, comhairle a bhaineann go mór mór le blianta tosaigh d’fheidhmiú an Achta, gur cheart dúinn a bheith airdeallach faoi chonstaicí (fíora agus cumtha) lena n-áirítear: patuaire, nó fiú naimhdeas oscailte/níos glice; cur chuige íostach; tarraingt siar ó choimitmintí; pleananna fiúntacha ach gan mhaoin chun íoc astu; neamhaird, leisciúlacht nó dearcadh ‘ar nós cuma liom’; teorannú teanga i mbosca; straitéisí athláimhe (gearr & greamaigh); slabhraí an mhaorlathais; geatóireacht chlaonta; cur-i-‘gaelachas’. Óna dtaithí, mar sin, deir siad go bhfuil sé riachtanach eiseamláirí de dhea-chleachtas a phoiblíú agus a aithint d’fhonn fáinne óir forbartha a chothú. D’fhéadfadh sé, mar sin, go mbeidh ról arís mar neach faire agus mar ghárthóir molta araon ag ‘Cuisle na nGael’, más léir dúinn go bhfuil aon chúis ceiliúrtha againn nó sa chás go leanfar leis na hiarrachtaí ár gcearta agus ár dteidlíochtaí a shéanadh orainn. Go ginearálta áfach, in ainneoin réamhrabhadh ár gcairde in Albain agus sa Bhreatain Bheag, táimid an-dóchasach faoi thodhchaí na Gaeilge san Iúr.

Tá sé tráthúil agus fíorthábhachtach mar sin dul chun cinn logánta a cheiliúradh agus taifead a dhéanamh de in ‘Cuisle na nGael’. Tá difear ollmhór idir staid na Gaeilge sa lá atá inniu ann agus staid na Gaeilge dhá scór bliain ó shin nuair a d’fhoilsigh muid ar dtús eagrán tanaí de ‘Chuisle’ mar nuachtlitir do bhaill na Craoibhe. Tá Bunscoil an Iúir faoi bhláth; tá triúr fostaithe go lánaimseartha in Aonad na Gaeilge CCIMD; tá Gaeil an Iúir ag obair ag na leibhéil is sinsearaí sna hollscoileanna, sna heagrais Ghaeilge agus san Eoraip; tá An Cumann Scoildrámaíochta beo beathach; tá ranganna á gcur ar fáil ag U3A, CLG, CWC agus Cumann na Méirleach; bíonn preabGhaeltacht mhíosúil i mBéar an Iarnróid; tá obair inmholta idir láimhe sna scoileanna do lucht leibhéal GCSE agus AS/A2; tá cartlann, leabharlann, seirbhísí oideachais agus timpeallacht oibre Ghaelach arna gcruthú sa Ghaeláras. Slat tomhais amháin go bhfuil staid na Gaeilge ag feabhsú is é an líon ardaithe daoine san Iúr a úsáideann Gaeilge go laethúil ar shráideanna an bhaile; marcóir feabhais eile, an Fáinne a bheith feiceálach faiseanta; agus an fhianaise is iontaofaí ar fad is iad figiúir an daonáirimh (2021) a léiríonn go bhfuil 18.6% den daonra i gceantair NMDDC a bhfuil cumas áirithe acu sa Ghaeilge.

Ar an mhicrileibhéal, táimid mar Chraobh de Chomhaltas Uladh a bhfuil foirgneamh faoinár gcúram, in áit níos socra ná mar a bhí le fada mar thig le húinéireacht foirgnimh bheith mar bhró mhuilinn anuas ort. Chinntigh Ciste Infheistíochta Gaeilge go mbeadh pota airgid ar fáil chun teach Mhic Ardghail a athchóiriú (2012), agus arís chun mé féin a fhostú ar conradh ar feadh bliain go leith (2022); agus tá tacaíocht faoi scéimeanna á fáil againn ó Fhoras na Gaeilge, tacaíocht le bheith soiléir fúithi agus fíorbhuíoch aisti, a chinntíonn go mbíonn ár ndoirse oscailte. Táimid ag súil le bheith ag comhoibriú le hIarsmalann an Iúir maidir le taispeántas i dtaca le stair na Gaeilge sa cheantar (Meán Fómhair 2024) agus tá deontas £5000 againn i mbliana ó Iontaobhas Ultach lenár gcartlann/leabharlann a eagrú. Thairis sin, cé a shamhlódh

Pictiúr clúdaigh le caoinchead Fabian Boyle / Cartlann Ghaeláras Mhic Ardghail

Foilsithe ag Craobh an Iúir de Chonradh na Gaeilge

daichead bliain ó shin go mbeadh pictiúrlann an Iúir (Omniplex) lán go doras le páistí ó ghaelscoileanna na dúiche agus iad ag féachaint ar chartúin ar scríobh cuid acu féin an script dóibh? Nó go mbeadh déantóir scannán, aistritheoirí gairmiúla, eagarthóirí, amhránaithe óga ar an sean-nós, comhlachtaí beaga dála Cinnteacht agus Míle Fáilte ag saothrú leo sa cheantar? Nó go mbeadh togra mar an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge/Glór na nGael ann chun oifigigh a fhostú agus forbairt na Gaeilge a phleanáil i limistéar teanga a chumhdaíonn toghcheantar NMDDC. Athrú ó bhonn atá ar siúl agus is ceart dúinn a bheith measartha bródúil as.

Tá tuilleadh le comhlíonadh ar ndóigh: cúrsaí struchtúrtha aitheanta Gaeilge a bheith ar churaclam na mbunscoileanna (EME) ar mian leo iad; sruth Gaeilge a bhunú i méanscoil san Iúir; suíomh nua a aimsiú do Bhunscoil an Iúir; turasóireacht chultúrtha a fhorbairt in Oirghiall; ollstraitéis ilghnéitheach cistithe le spriocanna intomhaiste a aontú mar pholasaí NMDDC; scéimeanna tacaíochta a ullmhú do chomhlachtaí 7rl chun cuidiú leo a seirbhísí a ghaelú; Comhaltas Uladh a ath-eagrú; coiste faire a bhunú d'fhonn súil aireach a choinneáil ar fheidhmiú an Achta (2021) ar leibhéal logánta. Seo thuas mianliosta ach mar a dúirt Tomás Mac Ardghail linn breis is dhá scór bliain ó shin – “ná labhair faoi, tabhair faoi”. Tugaimis faoi.

We are pleased to offer a new edition of ‘Cuisle na nGael’ and are happy to enclose, under a separate cover, a glossary of South Armagh words and phrases as collected by Brian Monaghan. The written submissions in the magazine stand on their own merits and we have our usual mix of English language and as Gaeilge features. We thank our voluntary contributors, some of whom are being published in their chosen language for the first time. The success of several thriving local Facebook pages has removed the need to include photographs of historic street scenes that were very popular in the earlier editions of ‘Cuisle’ though we have retained photographs of Newry’s citizens. Most of the vintage type photographs are from the Gaeláras Social History Archive and were purchased by us or donated by local individuals and press photographers. As a courtesy, ‘Cuisle na Gael’ should be mentioned if they are to appear on other voluntary local history/community education platforms. The 1964 Christmas classic snap of beaming Camloch faces on our front cover (Fabian Boyle/Cartlann an Ghaelárais), connects with the Camloch emphasis in the enclosed glossary of Carrickbracken words and phrases, “The Butter’s through the Champ”. Photographs and articles of local interest help sell our magazines and this edition, as with several previous editions, is offered to be sent to Newry citizens living abroad at Christmas. Tarlaíonn sé go bhfuil Gaeilge líofa ag méid áirithe acu. We thought it timely to re-issue ‘Cuisle’ as we have much to celebrate as an Irish speaking community in the town and in the North (with new language legislation). Highlights during this past year include the ‘Tá Bean in Éirinn’ concert in Our Lady’s Grammar School; the packed Omniplex cinema for the launch of ‘Dochreidte’; the return of a buzzing Féile Scoil dramaíochta an Iúir; the visits to the former Omeath Gaeltacht; Comhaltas Uladh’s publication of a new edition of ‘Abair Amhrán’; the donations of hundreds of books, some rare, for our library and archive; and the under-the-radar activity that happens daily in the Gaeláras to promote Irish on all fronts.

Due to time constraints and other pressures, we have not sought our usual advertisements to help defray publishing costs. We have lost too our whole network of retail outlets – Brian Savage, Seán Óg Mc Ateer, Lily Fox, Éamonn Fitzpatrick, the Rocks brothers at Bennetts, Pat Duffy – how Newry has changed! Advance purchases of ‘Cuisle’ were therefore much appreciated. Our particular thanks are due to longstanding backers of the Irish language in Newry: the John Mitchel Branch of the Irish National Foresters (assisting Newry Branch Gaelic League since 1897); our benefactor Gerard Trainor of the Elliott Trainor Partnership Solicitors (who has been associated with all editions of ‘Cuisle na nGael’); and Tom and Mary Mc Keown, who have been supportive over the decades and who remain our very generous neighbours on Chapel Road.

We are indebted to Foras na Gaeilge for their support with this and with all our ventures.

Tá mé go pearsanta buíoch do ‘Fuascailtí’, don Dr. John Mc Cavitt, do Shéamus Mac Dhaibhéid agus d’Ursula Ní Shabhaois a chuidigh liom ‘Cuisle’ a fhoilsiú.

Ryan Hogan, Eagarthóir

Horrockses, Hilary’s and History

Deborah Uí Dhaibhéid

The study of local history is flourishing in Newry. The local print press, the Museum, the Newry Library, old Newry pictures pages on Facebook, exhibitions, occasional and serial publications, walking and church tours, commemorative plaques, Society lectures – all contribute to a vibrant and open-minded exploration of our shared heritage. Amateur history enthusiasts who read this will know and appreciate the joy of discovery – learning a new fact, making a connection, unearthing a rare photograph or artefact, following a newly-found vein of inquiry. I was lucky lately when one such fresh line of research unexpectedly presented itself to me. I happened to purchase online a couple of snaps taken in Newry in the late 1950s that gave me an insight into the commercial fashion trade in the town, especially that associated with Hilary’s high-end clothes shop on the Mall and their



Ulster Villas © Ted Yates

annual fashion/wedding shows. The photographs were taken by Ted Yates at a time when he and his father relocated from Preston to work in the advance factory of Horrockses and subsequently stayed here for ten years until the factory closed. The little bundle of fashion show photos included, as donated extras, fascinating shots of Horrockses plant (interior and exterior) and the new semi-detached houses (Ulster Villas) built on the Warrenpoint Road to accommodate key factory staff. Horrockses, known to me by name, had quickly become worthy of some light-touch investigation. Horrockses Crewdson & Co. had been in negotiation with the Ministry of Commerce to open a new factory in the north in 1946/47. The traditional Ulster flax-spinning industry was at that time being challenged by the switch to cotton. Drumcavrne Mill Armagh had made the conversion and several Six County firms were hungry for the cotton. Shirt factories in particular were using huge

quantities of cotton and rayon yarns, the first week of 1947 alone witnessing the importation of 1015 tons of rayon staple (for spinning) and 772 tons of cotton yarn. Horrockses were in the vanguard and had agreed a 180,000 square feet plant to be erected in Newry. There was no reason why raw cotton couldn't be imported to Belfast and transported to Newry as readily as it was available in Liverpool. Locally, trade unionists, politicians, and leaders of commerce (W.V. Hogg merits a mention) were desperate to attract employment to the town. The town was marked by obvious post-war poverty, there were few employment opportunities (especially for males) and a feeling prevailed that some towns in the north were not being treated fairly by the Stormont regime's allocation of resources and incentives.



*Horrockses
Factory*

© Ted Yates



*Goods produced by
Horrockses*

Ted Yates had happy memories of working in Horrockses. He met his wife here and indulged in what became his life-long hobby of photography. He photographed across the north – seascapes, landscapes, aircraft, Orange demonstrations, church events, public visits by dignitaries, and he took a small number of local snaps which we reproduce courtesy of his daughter Lynda. The closure of Horrockses, on the mouth of Easter 1961, must have shocked him as it did all in the town. Two hundred and eighty cotton spinners and weavers (thirty of them men) received notice from Head Office in Preston that the factory was to close as a result of “foreign competition”. The irony of course was that production had recently gone up in Newry and no one could have predicted the sudden notice of closure. W.J. Blease, NI Officer of the I.C.T.U. noted that the manner of notice given to workers was indicative of the “utter disregard” displayed by some employers for the elementary rights of trade unionists. There were several signs however that the post-war economic situation in the north was precarious. Workers in Bessbrook Spinning Mill were on reduced hours; shirts from Hong Kong were damaging the Derry shirt factories; and Horrockses anyhow had only ever occupied half the space allocated to them since they opened in Newry in 1951. Their normal complement of staff was 230 workers, and sometimes four females from the same household were employed there. As for the Yates family, they were served notice to give up their house at Ulster Villas, while 280 fellow workers joined the dole queue in a town that already had 2000+ unemployed. Joe Connellan M.P. talked about “the vast army of unemployed” in Newry. Those made redundant at Horrockses were mainly members of the Amalgamated Transport and General Workers Union, led in the town by Paddy Golding (who was to die prematurely in 1961 and was father of my husband's former travelling companion, young Hugh Golding). Protest meetings held in the Saint Colman's Hall were to no avail, and all the representations made by the able Town Clerk, Gerard Cronin, couldn't save the factory. Cronin was a wise, very experienced manager of town




affairs. That the closure of the Horrockses factory seemed to him to be a “bombshell” reveals the enormity of the economic blow. With others, Mr. Cronin had been busy monitoring the closure of Drumalane Mill and securing the opening of the ultimately ill-fated Seenozip factory, also on the Warrenpoint Road.

He applied himself assiduously too in attracting Ulster Textiles to the town, an American outfit who would take over the Horrockses site and increase the workforce. It was the period of ‘fly-by-night’ factories and Newry was blighted by more than its fair share of them. To say that there was palpable anger in the town at the closure of Horrockses is an understatement. Large sums of money had been invested in the plant by the Ministry of Commerce; a unique concrete bridge had been erected at considerable expense over the G.N.R. single Warrenpoint line to service the factory (readers may remember the bridge’s concrete structure, unsightly but functional); and expectations had been raised that the nationalist town of Newry would at last be treated fairly. Local Labour activist Tommy McGrath (a great, loyal friend of Cuisle na nGael), Chair of Newry Trade Council, sent a telegram to Billy Bleas with the curt message “Tell Brookeborough – No surrender to Unemployment.” McGrath noted that workers’ income had reduced from £34 per week to £11. 10 shillings in employment benefit.

A hard-hitting report in the “Daily Herald” June 7th, 1961, by the visiting journalist Leslie Malory declared that “36,000 men are angry” in the ranks of Ulster’s unemployed. He stated that Newry was “the most terrible blackspot of all” and was in fact a self-proclaimed distressed area. Poignantly, he noted: “Many young bridegrooms came back from their honeymoons to find themselves workless.”

Malory’s closing comments are arguably as relevant today as they were in 1961: “In the light of what I have seen here this week, the ordinary people of Ulster are paying a heavily loaded premium on their (British) loyalty. If Britain’s Tory Government want to keep it, they had better move fast.”



© Ted Yates




© Ted Yates



An Tubaiste – An S.S. Connemara

Ie Seán Patterson

Ar an triú lá Samhain 1916, d'fhág an galtán beag "Retriever" an cuan Garston ag iompar guail chuig Iúr Chinn Trá. Ar bord bhí Patrick O'Neill – Captaen; William Clugston – Príomh-mhata; Joseph O'Neill – mac an Chaptaein agus dara mata; John Stewart – Príomh-innealtóir; Edward Mullan – dara hInnealtóir; John Henry Tumilty – Stócaláí; Samuel McComb – Stócaláí; Joseph Donnan – Mairnéalach (AB) agus James Boyle – Mairnéalach (OS). Dhaingnigh an fhoireann na haistí ar an bhulc, agus na deiricí, agus roghnaigh an captaen Patrick O'Neill an cúrsa go dtí an baoi seoltóireachta, Hellyhunter. Long measartha óg a bhí inti a tógadh in Albain sa bhliain 1906, 168' fad as a cionn, 30' an seas a bhí uirthi. Nuair a bhí sí lán de lasta thiocfadh léi 500 tonna a iompar. Cé go raibh sí sách nua, bhí na coinníollacha uirthi an-deacair agus bunúsach. Ní raibh cábán stiúrach uirthi agus bhí ar an fhear stiúrach an soitheach a stiúradh ó dhroichead oscailte gan chosaint ar bith ó dhoineann. Ní raibh trealamh seoltóireachta ar bith seachas compás, cairteacha, agus seiseamhán ar fáil uirthi. Bhí an galtán gan aibhléis agus mar sin de ní thiocfadh leis an fhoireann úsáid a bhaint as raidió. Dá mbeadh an long i gcontúirt ní thiocfadh le duine comhartha guaise a chur amach.



Ar chloigeann na loinge bhí urrann bheag darb ainm an caiseal tosaigh. San áit seo ba ghnáth leis na mairnéalaigh agus fir na tine a bheith ina gcodladh agus a scíste a dhéanamh i ndiaidh seal s'acu ar a bhfaire. Chodail siad ar bhunc adhmaid agus ar thocht darb ainm “bricfeasta asail”. De réir James Boyle as Rinn Mhic Giolla Rua, mairnéalach, cé go raibh mórtas farraige ann bhí an fhoireann cleachta le doinnean cosúil leis seo. Dúirt sé go raibh sé taobh amuigh i ndoineann níos measa.

Ar a trí a chlog tráthnóna tháinig an Captaen ar an droichead a bhí i lár an bháid. Timpeall a trí a chlog d'aistrigh treo na gaoithe. Ina dhiaidh sin bhog an lasta ach níor chuir sé sin brú ar bith ar an stiúradh. Thiocfadh leis an "Retriever" an cúrsa a shlánú.


Mar gheall ar an Chéad Chogadh Domhanda agus an bhagairt ó fhomhuireáin, ní raibh na soilse loingseoireachta lasta nuair a bhí an long ar muir. Ag druidim ar an "Carlingford Cut", chuaigh James Boyle agus an príomhmhata, William Clugston, chun na soilse a lasadh. Bhí an oíche glan ach stoirmiúil. Thiocfadh leo an teach solais Haulbowline a fheiceáil. Roghnaigh Captaen O'Neill an cúrsa go dtí an Carlingford Cut, canáil chaol, bhaothailte ag béal na locha.

Bhí James Boyle ar an droichead ina dhiaidh sin ag lasadh an solais ar dheasbhord agus ar chlébhord. Bhí an an “Retriever” sa "cut" anois. Chonaic sé long eile ag druidim leo. D'aithin sé í, an long phaisinéirí "Connemara" ar turas coitianta ón Ghrianfort chuig Holyhead. D'fhág an "Connemara" an Grianphort ar 20.05 ar an oíche sin. Mar gheall ar an chogadh, bhí sí ag iompar paisinéirí den tríú haicme amháin, an fhoireann, seoltoirí bó agus saighdiúirí ag pilleadh go dtí béal an chatha. Bhí ochtó 's a ceathair duine ar bord uirthi.

Ar 20.23 sheol an Connemara thar bhráid an teach solais Haulbowline. Shéid sí a feadóg agus í ag tarraingt isteach le baoi uimhir a 4. Ag an ám chéanna bhí an “Retriever” ag druidim isteach ar bhaoi uimhir a 1. Ní raibh ach a soilse le feiceáil. Ní raibh solas an chrann chinn lasta. Mar sin de shíl foireann an teach solais go raibh soitheach éadaigh i gcéist. Bhí sí ag luí thart. Bhí an dá long ag díotáil ó chlébhórd go clébhórd.

Chuaigh James Boyle faoi dheic chun freastail ar shorn an chaptaein. Go tobann chuala sé feadóg na “Retriever” ag seidiú trí huaire agus mhothaigh sé imbhualladh. Chrith an “Retriever” ‘ó bhall go posta’. De réir a scéil agus eisean ar deic arís chonaic sé an “Connemara” ina luí trasna tosach na “Retriever” agus bhí an long bheag ag cúlú. Dúirt coimeadaí theach an solais, Gillespie, gur thiontaigh an “Retriever” go tobann ar chlé ag bualadh an ghaltán síos a droichead.

D'ullmhaigh Boyle, Joseph O'Neill, agus Joseph Donnan an bhád tarrthála a bhogadh síos. Bhain siad clúdach an bháid amach agus chuaigh Donnan faoi dheic chun na criosanna tarrthála a fháil. Chuaigh an “Retriever” ar thalamh ar thaobh eile an chainéil. Chas an bád amach agus fuair Boyle gréim láidir ar na líní chun í a tharraingt ar ais. Scairt Donnan, "Gearr iad Jimmy!"



Rinne Boyle amhlaidh agus léim sé isteach sa bhád. De réir a scéil féin, bhí an “Connemara” ina luí go hiseal san uisce agus bhí cuma uirthi go raibh sí trí thine. Chonaic sé an “Retriever” agus ise ag tógail liosta níos faide chun cinn. Ina dhiaidh sin, chuaigh sí chuig tóin poill. D'iompaigh an bád beag trí huaire ach choinnigh Boyle a ghréim uirthi. Thug an sruth mór an bád i dtír. Thuirling a chosanna ar ghaineamh. Scairt sé amach ag iarraidh cuidithe. Ar an dea-uair chuala Peter Morgan and William Hanna a bhéic agus tharraing siad ar an chladach é. Chuala siad maidhmtheoirí a cuireadh i bhfeidhm ón teach solais. De réir a chéile tháinig corpáin ar an trá. Duine ina measc, Joseph O'Neill mac an

Chaptaein. Snámhaí láidir ab ea é agus crois tarrthála air. Tháinig corpáin eile, i rith na laethanta agus seachtain i ndiaidh na tubaiste, cuid acu drochghortaithe agus dóite. Bunaíodh marbhlann shealadach i mbóthán prátaí. Tháinig daoine ar fud an cheantair chun a muintir a aithint. Agus chomh maith leis sin ó áiteanna eile ar fud Chúige Uladh. Go hiomlán cailleadh 94 daoine ar an oíche, 8 ar an “Retriever” agus 86 ar “Connemara”. Ní raibh ach fear inste scéil amháin ann, James Boyle. I mí Aibreáin, 1917 cuireadh fiosrúchán ar bun le cúis na tubaiste a aimsiú. De réir an fhiosrúcháin, bhí an locht leis an “Retriever”. Bhí an “Retriever” freagrach as an imbhualladh. Ar oíche stormiúil ba cheart di imbhualladh le soitheach eile i gcainéal caol agus baolach a sheachaint. Ach de réir an Chaptaein Thomas Chambers, dá mbeadh sé i mbun an chóistir sin dhéanfadh sé iarracht a fháil isteach as an stoirm ar an oíche sin (Belfast Telegraph, 03/04/1917).

Foinsí

Foclóir Seoltóirechta, An Gúm 2008

English Irish Dictionary De Bhaldraithe, An Gúm, 2008

Concise Irish English Dictionary, Ó Mianáin, Foras na Gaeilge 2020

Litríocht is Breise

Ian Wilson, Carlingford Lough Disaster, Sea Breezes 1979

V. King, Carlingford Lough Collisin, "The Beam", Volume XII. No. 1

Seán Patterson, "November 3rd 1916, The Carlingford Lough Disaster," Glór 2016, Conradh na Gaeilge, Craobh an Iúir

Seán Patterson, "Newry Shipping 1900 - 94", Cuisle na nGael.

Buíochas do Charlie Mc Carthy, Paddy McKeown, Dan Brennan, John Fisher, agus na daoine eile a chuidigh liom le mo chuid taighde



Long's Corner – agus anois cuid d'Oileán an tSiúcra le bheith leagtha!

Photograph from Gaeláras Mhic Ardghail Social History Archive

LÁ SPÓIRT BHUNSCOIL AN IÚIR 2023





Creggan Graveyard

le Úna Walsh

If you seek an authentic, informed and inspirational cultural experience, we strongly recommend that you turn up at the well-maintained and accessible Creggan graveyard on the first Sunday of every month for one of Úna Walsh's guided tours. The tour lasts about two hours, will escort you over the centuries to where Úna's whim takes her, and, given the richness of the content and the quality of the delivery, is actually one of those tours worth doing twice. In the context of our own Gaelic League promotion of small-scale bilingual visitor experiences in Newry and Omeath, we invited Úna to provide a short promo for this edition of "Cuisle na nGael". Her labour of love, and that of her forebears and fellow enthusiasts, helps keep Creggan on the cultural map. The tour is a must-do for both locals and tourists alike.

In the rich cultural landscape of South Armagh, Creggan is our jewel.

In 1480 the O'Neill's of Tyrone came to South Armagh and became chieftains of the Barony of the Fews. They built a Roman Catholic Church at Creggan, castles at Glassdrummond and Dungooly and a residence at Lough Ross.

John Donaldson in his "Account of the Barony of Upper Fews" of 1838 wrote:

"The parish church of Creggan is erected on the brink of a rocky precipice on the eastern bank of the Creggan river... The foundation of the church passes over, in a transverse line, and intersects at nearly right-angles, another ancient edifice, part of the ruins of the south gable of which was standing until the last twenty years, and which is said to be the ruins of a Roman Catholic chapel. Certain it is that the ancient families of the O'Neills and MacMahons bury their dead in a vault which is asserted was under the altar... To this church is attached a very extensive burying-ground, which has been enlarged several times, and is well enclosed by a stone wall."

Creggan Graveyard therefore is the last resting place of generations of the people of Creggan Parish and beyond, people of all creeds and classes and from all walks of life – princes, poets, priests, parsons, paupers – divided, perhaps in life, united again in death. From 1480 to the present day, Creggan is the storybook of Ireland in local and national history.

Creggan has buried generations of the Gaelic poets of Oriel. Pádraig Mac a Liondáin, Gaelic poet and harper, was born in the townland of Lisleitrim and ran a poetry school at Killeen hill with Séamus Dall Mac Cuarta. Mac a Liondáin acted as a patron to other poets of the Fews, correcting and supporting their work. Art MacCumhaigh, born in Ballinaghy, is the scribe whose poem *Úrchill a' Chreagáin* was noted by Cardinal Tomás Ó Fiaich as the anthem of South-East Ulster. It is in the genre of the Aisling poem which laments the loss of the O'Neill's and the Gaelic culture:

"One thing I ask you only, one promise, O Queen divine!

And then I will follow faithful - still follow each step of thine;

Should I die in some far-off country, in our wanderings east or west

In the fragrant clay of Creggan let my weary heart have rest."

Creggan of '98

The Donaldson family, originally from Lecale, settled in Cloghoge in 1730 and were leaders of the 1798 rebellion. Their homes, one the "Ambush House" in Freeduff, were burned by Lord Blaney's "flying-column" in 1797. Creggan is the burial site too of Grant from Tullynavall, the organiser of the United Irishmen in Mullaghbawn and Forkhill who is celebrated in the ballad of The Carrive Blacksmith.

Creggan of the Outlaw & High Sheriff

Séamus Mór Mac Murchaidh, the Carnally rapparee was born in 1720 and founded a poetry school with Peadar Ó Doirnín. They were active agents of the Scottish "Young Pretender" – Charles Edward

Stuart and called a meeting on Slieve Gullion to organise people in his support. Séamus Mór was captured by John Johnston, Chief-Constable of the Fews and hanged in Armagh gaol in 1750. Johnston was notorious as a priest hunter:

"Jesus of Nazareth, King of the Jews.

Save us from Johnston, King of the Fews."

Creggan of the Clergy

Rev. Daniel Gunn Brown was a Presbyterian minister who supported tenants and human rights.

He gave a submission to the Commission of Outrages in 1852 in which he stated that the "landlords of South Armagh" were exterminators in their treatment of the people. Rev. Terence Quinn of Cullyhanna was a parish priest and responsible for the banishment of Art MacCumhaigh from Creggan. Fr.Quinn's sister, Mary, was a target for Art's satire:

"McCooey, the poet, she reckoned unable
To sit with the gentry or sup at their table."

Creggan pulls the centuries together and lets you see them in the labyrinth of their co-relation. It is the last resting place of thousands of our ancestors and it is hoped that future generations will ensure it is maintained in its present excellent condition.

Free walking tours of Creggan take place on the first Sunday of each month at 1pm and you are very welcome to hear more about the most historic graveyard in Ulster.





Newry's dockers and carters

Dockers had a very difficult time during their working lives. When word got around that a boat was in the Albert Basin awaiting discharge of its cargo, they would head down to the quayside, hoping they would be picked by the stevedore who was employed by the shipping company. Often, many dockers had to head back home and hope for a better chance next time.

At the end of the week, it was common for the stevedore to pay his men in one of the local pubs. This gave an opportunity for the barman to have any debts paid for drink bought on the slate during the previous week and there was an expectation that the stevedore would have a drink bought for him.

In April 1927 Edward (Ned) Moore was appointed a stand-in stevedore when the regular man went off ill. Ned, known to be fond of a drink himself, detested the wages being paid in a pub. He now had the chance to do something. With his bag of wages, he went down to the pub where the men normally were paid, and they were in the bar awaiting him. He guldered from across the road into the open bar door, "Ye earned your wages on the quay, and I am going to pay them to you on the quay!" This was the talk of the town at the time and led to the end of wages being paid to dockers in a pub. Ned was engaged by the Newry Commercial Coal Company to help with the salvaging of the SS Retriever after it and the SS Connemara collided in the lough in November 1916 with only one survivor. Ned was presented with one of the portholes in which he had a mirror inserted and used it in the family home.

Up to the 1940's the Newry quayside was busy with carters conveying coal to various customers throughout the town. Ned became a carter and delivered coal to Damolly and Kerr's Mills. Later he was engaged by the local Council to take coal to the Gas Works which provided much of the town with its lighting and cooking facilities. But this run ended abruptly because of the Council's "Local Labour Only" policy. In 1926 Ned had moved from Custom House Avenue (Bridewell Row) to the Dromalane Road, and his new home was 200 yards outside the town boundary.

Ned's son, Mick, knowing that he would not always be successful in getting work as a docker, also became a carter with his horse, "Beauty". He delivered coal to Daisy Hill and the Newry General Hospital as well as many of the warehouses along Merchants Quay.

The work of the carters came under threat with the advance of motor lorries. In February 1938 there was a very interesting debate at the Monthly Meeting of the Newry Board of Guardians. The Board had been advised by a firm of importers that they could provide coal and anthracite at a third per ton less if it was delivered by lorry, rather than by carters. The argument went from "we need to consider the ratepayers, not the carters!" to "the carters are ratepayers too!" On a division of 10 to 2 it was decided that the Guardians would continue to engage the carters.

However, lorries were becoming the new and growing means of conveyance and the carters were eventually no longer a feature on Newry's quayside.

The insecurity of the lot of the dock labourer, and the dangerous nature of the work involved, drove many men into more reliable and safer jobs. The docks were particularly hazardous. On two separate occasions indeed, the word spread through Newry that "Mick Moore is dead!" In October 1940 Mick was working with a team in the B&I Steam Packet black shed, building back bags of meal. He was on the upper tier, throwing the sacks to the top level. Without warning the load slipped and brought Mick down, hitting his head on the concrete floor. Unconscious, he was rushed to hospital.

Five years later, in June 1945, Mick was at the discharging of a coal boat, the SS KARRI, when a large lump of coal fell from a jib, hitting and opening his head. He was rendered unconscious again and rushed to hospital. Thankfully he recovered though he returned to the quays as a carter.

Later he got a pony and trap as the family's mode of transport, going on to be the last person in Newry to have such a conveyance.

**Penned by Tom Moore,
grandson of Ned and son of Mick.**





le Ciarán Mac Murchaidh

Tá an tír breac le mionlogainmneacha, sin na hainmneacha beaga faoi leibhéal an bhaile fearainn, ainmneacha a dhéanann tagairt do mhionghnéithe na tíre - páirceanna, crosbhealaí, codanna den bhóthar, toibreacha, bóithrínní, carraigeacha agus gnéithe nach iad. Is minic nach mbíonn daoine taobh amuigh den bhaile fearainn ina bhfuil siad nó na teaghlaigh ar leo iad eolach ar na logainmneacha seo agus ní díol suntais iad cuid mhaith acu - tá *Front Field*, *Top Hill*, *Field Behind the House*, srl. ann in achan baile fearainn is dócha. Bhí úsáid phraiciticiúil leo in aois roimh mheicniú na feirmeoireachta. Ach, tá an t-uafás mionlogainmneacha ann a léiríonn gnéithe dár stair, de theangacha a labhraítear agus labhraití, den bhéaloideas agus de chleachtais mhaireachtála go háirithe cleachtais fheirmeoireachta.



Cuid de phlean Bhóthar na Maighe Fada ón bhliain 1801

Tá tograí ar bun fud fad na tíre chun na logainmneacha beaga seo agus na scéalta atá taobh thiar dóibh a bhailiú agus a chaomhnú sula mbeidh siad caillte ar fad. Tá cuid mhaith de na hainmneacha i mbail caillte toisc go bhfuil an saol agus na cleachtais fheirmeoireachta ag athrú. Ní nach ionadh is iad na seandaoine, go háirithe seanfheirmeoirí na faisnéiseoirí is fearr ó thaobh logainmneacha beaga de. Ar an drochuair níl an bhaint chéanna leis an talamh agus na mionbhóithre ann a thuilleadh, déantar obair na feirme le hinnealra móra troma, ní bhíonn daoine ag siúl na mbealtaí mar a bhíodh, tá na cosáin agus aicearraí a théann ó cheann ceann na tíre ligthe i ndearmad agus lán lustain agus dreasóg, cuid acu scriosta ar fad. Tá fáthanna eile taobh thiar de mheath úsáid na n-ainmneacha seo, mar shampla, bánú na tuaithe, feirmeacha díolta, deireadh leis an traidisiún béil, srl.

Ón bhliain 2019 tá iarrachtaí beaga ar bun sa taobh seo tíre chun na mionlogainmneacha s'againn féin a chaomhnú agus cé nach bhfuil an togra anseo chomh mór ná chomh heagraithe is atá na tograí i gcontaetha eile cosúil leis an *Louth Field Names Projects* agus *Westmeath Field Names Recording Project* tá torthaí spéisiúla ag teacht amach as an togra.

Chomh maith leis an eolas atá á bhailiú ó mhuintir na háite tá foinsí tábhachtacha eile le fáil mar tá an t-uafás eolais agus ainmneacha le fáil ar sheanléarscáileanna, i gnuasaigh bhéaloidis agus leabhair staire chomh maith.

Tá sé ar intinn agam san alt seo súil a chaitheamh ar shamplaí de na hainmneacha atá bailithe agus cuid den bhéaloideas, stair agus scéalta a bhaineann leis na hainmneacha agus na háiteanna. Tá roinnt logainmneacha le feiceáil ar sheanléarscáileanna nach bhfuil in úsáid sa phobal anois. Tá cuid de phlean Bhóthar na Maighe Fada idir Cill Chaol agus Baile Hill le feiceáil thíos ar a bhfuil ainm Gaeilge, Clochafilleen (**Cloch an Phillín ?**) ar chlocha cóngarach d'Áit Tí Chathail ar a dtugtar **The Grey Stone (Mourne Mountains Middle)** anois agus **Shruancarrignacalum (Sruthán Charraig na gColm)** ar an chuid uachtarach den **White Water**.



Stair, Béaloideas agus Mionlogainmneacha

Bíonn rian den stair, go háirithe an stair áitiúil le fáil in ainmneacha áite na tíre. I gcuid mhór cás ní bhíonn ann ach ainm duine nó teaghlaigh a raibh cónaí orthu ann tráth in amanna cúpla céad bliain ó shin - **Brógie's Field** (Clochóg), **Pat's Kesh** (Ceapach), **Talamh Mhicsí** (Corr na n-Each), **Teach Jemmy Bhig** (Carraig na nGamhna), **Kerley's Loanin** (Feochoill Uachtarach), srl. Tá na céadta acu ann agus cé nach bhfuil mórán tábhachta leo i ndáiríre déanann siad taifead díobh siúd a tháinig romhainn agus a d'fhág a rian ar an tírdhreach.

Rian eile den stair atá le fáil sna hainmneacha ná na carraigeacha agus suíomhanna Aifrinn atá scaipthe ar fud na tíre. Iarsmaí ó Aimsir na Péindlithe san 17ú and 18ú céad a mhair i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag an tréimhse seo i meon an phobail. Tá taifead déanta de chorradh le tríocha

logainn nó áit a bhfuil clú orthu go háitiúil mar shuíomhanna Aifrinn ó Ré na Péindlithe agus is dócha go bhfuil na scórtha eile amuigh ansin ina measc tá **Creig na hAltóra** (Baile Uí Thuathaláin agus Baile na Droinge), **Páirc na hAltóra** (Tulaigh Fhraoigh agus Droim Méine), **Fál na hÉireann** (?) (Baile Mhig Críocháin), **Cill Racáin** (Droim an tSiáin), **Bullock Hill** (An Bhoireann), **Cloch an Amhairc** agus **The Gallery** ag Carraig Aifrinn Charn Ailigh. Tá an scéal fá bhás Athair Eoghan Ó hÁgain agus baill an phobail ag carraig Aifrinn in **Allt an tSagairt** (BF Liatroim, Cluain Daimh) i mbéal phobail Chluain Daimh go fóill. I mbaile fearainn Leacht Biorgaide tá cnocán ann darb ainm **Creig na gCorp**, áit de réir seanchas an cheantair ar mharaigh an gíománra scaifte de mhuintir na háite a bhí i bhfolach i seipéal beag a bhí ar an suíomh nuair a chuir siad trí thine é. Tá páirc ann cóngarach do Dhroichead na Banna a bhfuil **The Priest's Field** mar ainm uirthi agus bhí leis na céadta bliain. Cha raibh fios ag muintir na háite cad é a bhí taobh thiar den ainm go dtí thart fán céad bliain ó shin nuair a bhí baicle páistí ag dul thar balla ar imeall na páirce agus thit cloch den bhalla agus istigh i bpoll sa bhalla bhí uirlísí Aifrinn déanta as gloine i bhfolach. Ar an drochuair scaradh na huirlísí agus níl ann anois ach an chailís atá i

seilbh Pharóiste Shuí Pádraig. Tá sé doiligh an stair agus an béaloideas a scaradh óna chéile i roinnt de na hainmneacha mar go bhfuil siad fite fuaite fríd a chéile. Cha dtig linn a rá go dearfach cinnte go bhfuil aon fhírinne sna scéalta a bhaineann le cuid de na hainmneacha mar nach bhfuil ach an béaloideas agus is rud beo é an scéal béaloidis ar bhealach mar go n-athraíonn sé le gach insint. Tá scéal ann mar shampla gur bhuail Hugh Ó Néill agus Mountjoy lena chéile ar bharr sléibhe i gCarraig Bhrádach in áit ar a dtugtar **Confederacy Rock**. Cóngarach go leor don charraig sin tá **Éadan an Airm**, áit a raibh fórsaí Uí Néill lonnaite agus iad ag coinneáil súile ar Bhearnas Mhaighre nó Bearnas Uladh. Tá **King James’ Table** ann sna Doirse áit ar lig Rí Séamus a scíth le linn a chogadh le Rí Liam más fíor do sheanchas na háite.

Ceann de na háiteanna agus hainmneacha is spéisiúla sa cheantar seo ná **Poll ‘ic Sheoin** nó **Polkone** (Achadh an Daimh). Deirtear go raibh crann crochta agus cloch bhásaithe ar an tsuíomh seo. B’é seo an áit ar ghnách le básadóirí an tSirriam John Johnstone - Seán an Fheadha nó Eiriceach na gCeann toraithe a chur chun báis. Mhair scéalta sa cheantar go raibh básadóir lánaimseartha ag Johnstone darbh ainm Cormac Ó Cianáin. Bhí luach cúig phunt ar chloigeann gach toraí a cuireadh go Baile Átha Cliath agus de dheasca seo deirtear gur cuireadh cuid mhór daoine neamhchiontacha chun báis chomh maith leis na toraithe chun an t-airgead a fháil. Bhí scéal i seanchas na háite gur thosaigh deor fola ag sileadh ón díon anuas ar Chormac Ó Cianáin nuair a bhí sé ag fáil bháis agus cé gur bhog a theaghlach é lean an deor fola anuas é go dtí go bhfuair sé bás.

Logainm eile a bhfuil scéal thar a bheith suimiúil taobh thiar ná **Pedley’s** i mBF Achadh Mhic Sheáin. Píosa talún atá i gceist leis an ainm agus é ainmnhithe i ndiaidh duine ar leis an talamh i lár an 19ú haois. Pedley an leasainm a bhí ar an duine seo duine darbh shloinne Mag Aonghusa mar ba mhangaire éadaí cosúil le cuid mhór eile de mhuintir Ard Mhacha Theas an tráth sin. Níl mórán de shuntas in ainm an duine féin ach sa scéal a bhaineann leis agus leis an áit. Tháinig Pedley abhaile i ndiaidh trátha caite aige i Meiriceá agus searbhónta den chine gorm leis. I ndiaidh tamaill tháinig tinneas ar an tsearbhónta agus fuair sé bás. D’iarr Pedley ar shagart Aifreann torraimh a rá ar a shon. Dhiúltaigh an sagart ar an ábhar dar leis nár Chaitliceach é an searbhónta agus mhol sé do Pedley é a ghlacadh go Teach na mBocht. Cha raibh Pedley sásta sin a dhéanamh agus chuir sé an fear bocht ar imeall a thalún féin. Tá an leac uaigne gan mharcáil go fóill le feiceáil ar taobh an bhóthair in Achadh Mhic Sheáin, cé go bhfuil sé doiligh é a aimsiú.

Mionlogainmneacha agus an Saol Osnadúrtha

Ceann de na mionlogainmneacha is coitianta ná ***The Bush Field*** nó ainmneacha eile cosúil leis **The Stump**, **Sceach** nó **Páirc na Sceiche** a dhéanann tagairt don phisreog a bhaineann le crainn sí is iad sin na crainn aonaracha - sceach de ghnáth, a bhíonn suite i lár páirceanna go dtí an lá inniu agus faitíos ar uinéirí na bpáirceanna aon dochar a dhéanamh dóibh ar eagla go dtarraingeodh siad drochrath na sióg. Maireann an phisreog go fóill fiú mura bhfuil an chreidiúint ann sna sióga tá leisc ann na crainn seo a leagan ná a ghearradh, fiú nuair a thiteann siad fágтар an grágán agus na craobhacha in áit. Bhailigh mé scéal i mbaile fearainn Feochoill Oтра sna 90í faoi fhear a thóg géaga chrann sí a bhí ina luí ar an talamh mar bhrosna ach agus é ar an bhealach abhaile leis an adhmad d’ionsaigh madadh é agus maraíodh é. Creideadh gur ionsaíodh é mar dhíoltas ó na sióga mar gur bhain sé le géaga an chrainn. Leagan de mhóitíf scéil atá coitianta i mbéaloideas na hÉireann agus ceann a léiríonn na pisreoga a bhaineann leis na crainn uaisle seo, pisreoga a mhaireann go dtí an lá inniu.



The Midnight Field

Midnight Field (Fofannaigh Riabhach)

De réir seanchas na háite má bhíonn tú sa pháirc seo ar bharr Chnoc Fofannaí i bParóiste Chill Chua ar an mheán oíche nach mbeidh tú in ann do bhealach a aimsiú le himeacht ón pháirc go dtí bánú an lae. An fáth faoin draíocht seo ná deirtear gur thit marcach a bhí amuigh ag seilg ar an chnoc dá chapall agus é ag léim thar chlaí sa pháirc agus go bhfuair sé bás ar an láthair agus is mar gheall air seo gur áit uasal é. Sampla atá anseo den seachrán sí, gné den bhéaloideas atá le fáil fud fad na tíre.

Cobblers Gap (Cleomack)

Seo logainm a bhailigh an Dochtúir Mac Poilín sna daichidí i bParóiste Chluain Daimh. De réir an scéil bhí feirmeoir as an cheantar ar a bhealach chun na bhaile oíche Shamhna agus é ag tarraingt ar an teach chonaic sé sióg ina shuí sa bhearna ag deisiú péire bróg. Rinne an fear iarracht greim a fháil ar an duine beag ach léim sé suas ar chapall agus d’imigh sé leis. An lá arna mhárach chuaigh an feirmeoir ar ais chun na háite a bhfaca sé an tsíóg ach níor tháinig sé ar rud ar bith ach píosa leathair agus cloigeann bó agus tugadh **The Cobbler’s Gap** ar an bhearna ó shin.

Ainmneacha Eile a Bhaineann leis na Sióga

Doras na Brúine (Baile Mhaoile) seo ainm eile a chruinnigh an Dochtúir Mac Poilín, ainm nach bhfuil i mbéal an phobail anois ar an drochuair ná cibé scéal nó creideamh a bhí taobh thiar den ainm. Lios dúbáilte atá ann agus léiríonn an t-ainm gur creideadh go raibh baint ag an tsuíomh seo leis na sióga. Tá páirc i bhFeochannagh Riabhach darb ainm **Patashane** tá seans ann gurb é Páirc an tSiáin bunleagan an ainm áirithe seo agus más é sin an cás tá bunús an ainm caillte anois. Ar chúl Pháirc Fhoraosie Chailseán Uidhiín i mbaile fearainn Clárchoill tá an **Playrock** ann áit a mbíodh na sióga ag súgradh agus ag ceol de réir seanchas na háite. Tá **Gleann** nó **Bealach na Sí** i mbaile fearainn Urchar, cóngarach do shuíomh eile darb ainm **Cill Uí Luachráin** a shíltear go raibh ina shuíomheaglasta lá den tsaol.

Eacha Uisce

Baineann dá logainm sa cheantar le heacha uisce, capaill osnádúrtha a bhfuil cónaí orthu i locha. Tá ceann acu **Loch Gearráin** (Cleomack) suite in iarthar na mBeann Boirche i bParóiste Chluain Daimh. De réir seanchais a chruinnigh an Dochtúir Mac Póilín sa cheantar thagadh capall dubh amach as an lochán ar laethanta samhraidh agus bhíodh sé ag súgradh ar bhruach an locháin ach théadh sé isteach faoin uisce arís nuair a thagadh duine. Sa chás eile tá an t-each ag cur faoi i Loch na Buaille (Sliabh na Buaille agus Liagán Áine). Tá fóbhaile fearainn taobh leis an loch darb ainm **Scríob**. Is leagan gairid é den ainm **Achadh na Scríbe**. I seanchas a bhailigh an tAthair Ó Maonaigh fuair duine de mhuintir na háite greim ar an each seo lá agus cheangail sé le céachta é ach nuair a bhí scríob treafa ag an chapall bhris sé saor ón chuing agus céachta agus d’éalaigh sé leis arís faoi uisce agus sin an fáth a bhfuil an t-ainm sin ar an chuid seo de bhaile fearainn Liagán Áine.

An Chailleach Bheara agus Gnásanna an Fhómhair

Tá roinnt mionlogainmneacha a bhfuil baint acu leis an Chailleach Bheara thart ar Shliabh gCuilinn áit atá luaite leis an fhigiúr mhiotaseolaíoch seo. Tá an Chailleach nó an Chailleach Bheara le fáil go forleathan i mbéaloideas na hÉireann agus na hAlban mar shamhailchomhartha an gheimhridh agus an dorchadais. Tá sí le fáil fosta i scéalta na Fiannaíochta. B’í an Chailleach Bheara i gcuma mná óige a mheall Fionn Mac Cumhaill isteach i Loch na Caillí Beara ag barr Shliabh gCuilinn agus Teach na Caillí Beara a thugtaí ar an charn ar bharr an tsléibhe chéanna; carn a bhfuil doras an phasáiste ailínithe i dtreo luí na gréine ag grianstad an gheimhridh. Ag bun an tsléibhe tá áit ann darb ainm **An Speilg** (Achadh an Dá Mhaoil), áit a raibh carraig mhór ann ar a dtugtaí **Cathaoir na Caillí Beara**. Bhíodh sé de nós ag muintir na tíre cruinniú ag an Speilg ar Dhomhnach na bhFraochán, an Domhnach deireanach de mhí Iúil. Is é Domhnach na bhFraochán an chéad fhéile is dócha a bhaineann leis an fhómhar agus deireadh an tsamhraidh. Bhíodh na daoine ag cruinniú ar an Speilg agus go leor áiteanna eile ar fud na tíre chun fraocháin a phiocadh. Bhailigh an béaloideasóir iomráiteach as Droim an Tí, Michael J. Murphy eolas fán tsuíomh ó sheanduíne sa bhliain 1948. Faoin am sin bhí an traidisiún agus cuimhne an traidisiúin beagnach caillte sa cheantar. Bhí an méid seo le rá ag Máire Mac Neill fán áit:

The most prominent landmark in South Armagh is Slieve Gullion, a mountain so rich in mythological associations that we might expect to find it the site of a Lughnasa assembly. No tradition that it ever was so has survived, but a quarter of a mile from its south-eastern base there is a rocky hillock, called the Spellick, in a grove of trees. Here people used to go to pick bilberries on Blaeberry Sundays. On the hillock, there is a rocky formation called the Cailleach Bheara’s Chair, and in it everyone who took part in the Blaeberry outing used to sit.



An Speilg, Achadh an Dá Mhaol

I measc na n-áiteanna eile a bhaineann leis an Chailleach, tá **Cathaoir na Caillí**, ainm eile ar Dholmain Bhaile Chaoil (Baile Caol - An Mullach Bán) áit a bhfuil crann bratóg ann, seo crann ar an chrochtar bratóga ann chun leigheas a fháil ar thinnis. Cóngarach do Bhaile an Chláir, tá **Corr na Caillí** (Feochoill Iochtarach) ann áit ar ghnách le hóige na tíre bailiú ag an fhómhar chun an *chailleach* a chasadh agus bábóga thuí a dhéanamh, siombail a bhaintí leis an fhómhar. Bhí ceangal ag suíomhanna eile le gnásanna an fhómhair agus Domhnach na bhFraochán sa dúiche seo, mar shampla Barr Shliabh Crúibe nó **The Twelve Cairns** mar a thugtaí air agus Carraig an tSeabhaic in Ard Mhacha Theas.

Rás na Brídeoige

Thángthas ar dhá logainm atá luaite le nós aisteach a bhíodh á chleachtadh go dtí thart fá thus an 20ú haois mar atá **rás na brídeoige** nó *the bridal race*. Gnás a bhaintí le bainiseacha a bhí i gceist leis agus bhíodh sé de nós ag lucht na bainise nach raibh pósta rás a dhéanamh ar maidín na bainise agus cuirtí an chéad fhear agus an chéad bhean le chéile mar ábhar lánúine. Tá áit ann darb ainm **The Bridal Rock** ar **Chreig na Losaide** (Feochannaigh Bhán). Tá an gnás le fáil fosta i bpáirc darb ainm **The Bride’s Field** (Cnoc Bearach).

An Mhuc Dhubh

Seo téama eile atá le fáil i roinnt mionlogainmneacha in oirdheisceart Uladh. Baineann finscéal na Muice Duibhe le máistir cruálach a chuireadh na scoláirí faoi dhraíocht agus a thiontaíodh iad ina ngiorriacha agus ina gcúanna chun iad a chur sa tóir ar a chéile. Nuair a fuair athair scoláire amach fán chleasaíocht seo thiontaigh sé an máistir ina mhuc dhubh agus thiontaigh sé na scoláirí ina gcúanna chun an ruaig a chur ar an mhuc amach fríd an tír.

Baintear úsáid as scéal na muice duibhe chun míniú a thabhairt ar chodanna de thírdhreach, go háirithe gleannta agus aillt doimhne, chomh maith leis sin tugtar **Gleann na Muice Duibhe** nó **The Black Pig’s Dyke** ar an chréfort ársa a bhfuil codanna de le feiceáil i gcontae an Dúin agus Ard Mhacha.

De réir an tseanchais chruthaigh an Mhuc Dhubh gleann darb ainm **The Gall Bog** idir Droichead na Banna agus an Droim Mór, allt ar thaobh Shliabh na mBan i mbaile fearainn na Croise i bParóiste Chill Chua, allt atá mar theorainn idir Éadan Tobair agus Cluainte Ó gCorra agus an t-allt domhan darb ainm **Cró na Muice Duibhe** i mbaile fearainn Cill Fiacháin.

De réir an bhéaloidis a bhailigh an Dochtúir Mac Póilín i gceantar Chluain Daimh fuair an Mhuc Dhubh bás ar **Shliabh Muc** sna Beanna Boirche agus fuair marfóir na muice bás ar an tsliabh taobh leis, **Droim Lao**.



Cró na Muice Duibhe, Cill Fiacháin

choinneáil don gheimhreadh agus chun na heallaigh a choinneáil amach as na barra. Bhíodh sé de nós ag daoine óga, girseacha de ghnáth dul leis na beithigh an samhradh a chaitheamh i mbotháin bheaga déanta as adhmaid, clocha agus móin ar a dtugtaí buaillí nó creataí orthu. Ach bhí tuairisc ann ó **Léana na bhFia**² sna Beanna



Creig na Losaide i bhFeochannaigh Bhán

Logainmneacha agus Áiteanna a Bhaineann leis an Bhuailteachas
Bhíodh an buailteachas á chleachtadh fud fad na hÉireann leis na céadta bliain agus mhair an cleachtas go dtí na daicheadaí in Oileán Acla. An rud a bhí i gceist leis ná bogadh na n-eallach go talamh crochta le linn mhíonna an tsamhraidh chun an féar sa talamh íseal a



Suíomh Buailteachais, Liatroim,

Boirche ón bhliain 1744³ gur ghnách le teaghlaigh iomlána bogadh chun na sléibhte sa cheantar sin. Chaitheadh na daoine seo a gcuid ama ag déanamh ime chun díol sna bailte móra. Chuirte na míoscáin nó molta ime sna portaigh chun iad a choinneáil fuar agus fiú sa lá atá inniu ann bíonn tuairsicí ann sa nuachtán go bhfaightear na míoscáin seo agus iad na céadta bliain d’aois. Deirtear go bhfuarthas míoscán i Loch na Buaile i mbaile fearainn Sliabh na Buaile cóngarach do Shliabh Crúibe thart fá chéad bliain ó shin.

Cé go dtáinig deireadh leis an bhuailteachas sa taobh seo tíre thart fá aimsir an Drochshaoil, maireann cuimhne an chleachtais i mionlogainmneacha go háirithe sa taobh thiar-thuaidh de na Beanna Boirche:

Trard

Tá dhá áit ar a laghad sna Beanna Boirche ar a dtugtar **Trard** orthu, dhá cheann luaite ag an Athair Bernard Mooney ina leabhar **Place-Names of Rostrevor** agus ceann eile a tugadh domh i mbaile fearainn Feochannaí Báine i bParóiste Chill Chua. Bhí an tAthair Mooney den bharúil go dtáinig an t-ainm ó **Triugh Ard** (Cill Fiachán Uach. agus Fofannaigh bhán) ach is é mo bharúil féin gur **Tuar Ard** nó *High Pasture* an bunús leis an logainm. Tá an focal sin tuar le fáil i logainm eile a bhailigh an Dr. Mac Polainn i mBF Liatroma (Cluain Daimh) - **Tuar Sheáin Dhuibh**.

Boley - An Bhuaille

Tá roinnt samplaí den fhocal buaile le fáil ar thalamh crochta sa dúiche, focal a léiríonn dúinn go mbaintí úsáid as na suíomhanna seo chun na heallaigh a chur ar féarach cúpla céad bliain ó shin.

The Boley Green i mBF Carr an Chuilinn, tá an suíomh seo suite ar thalamh ard thart fá mhíle ó Bhaile Hill ar an bhóthar go Caisleán Ruairí.

The Boley - An Bhuaille lonnaithe i mBF Baile Mhig Eothach cóngarach d’Áit Tí Chathail.

Sliabh na Buaile - seo sliabh beag i mBF Carraig Bhrádach i bParóiste Dhroim an Tí.



Tá baile fearainn darb **Sliabh na Buaile** ann i gContae an Dúin i gceantar Shliabh Crúibe. Rinneadh an chéad tagairt don bhaile seo sa bhliain 1609 rud a léiríonn chomh seanbhunaithe is a bhí an cleachtas seo sna sléibhte in oirdheisceart Uladh. Bhí an méid seo le rá ag an ársaitheoir Walter Harris nuair a thug sé cuairt ar an dúiche sa bhliain 1744.

North of Drumgoolan the Country is Course and Mountainous, and more employed in Grazing than Tillage. For at the Bottoms, and in the Bosom of the large extended Mountains called Sliev-Croob, Sliev-na-boil-Trogh [Slievenaboley], and other Mountains hereabouts, are to be seen more black Cattle than in any other part of the County (Harris Hist. 82-3).

The Creaghts - Na Créachta nó Na Creaa - Cluain Lochán Uachtarach.

Butter Mountain - Sliabh an Ime - Fofannaigh Riabhach - Fofanny Bhán - Stanga

Cé go dtugtar Butter Mountain ar an tsliabh fhada seo ar theorainn Pharóiste Chluain Daimh agus Chill Chua bhailigh Seán Ó Donabháin an leagan Gaeilge den ainm nuair a bhí sé i mbun oibre leis an tSuirbhé Ordánais sa bhliain 1834. Seans go mbaintí úsáid as na portaigh seo chun im a stóráil. Ba ghnách le daoine a theacht anseo leis an bhuailteachas a chleachtadh ó áiteanna chomh fada ar shiúl le Dún Pádraig.



Pleananna leagan amach na mbuailí i mbaile fearainn Liatroma (Cluain Daimh) ón tsuíomh Historic Environment Map Viewer - Department of Communities

*Mionlogainmneacha
thart fán cheantar
Léana an Fhia*

Thuas, lucht OU ar chuairt ar iar-Ghaeltacht Uí Méith agus thíos, grúpa ón Iúr a bhfuil dúil acu i gcúrsaí staire.

Ócáidí áitiúla...tá an Ghaeilge beo sna bólaí seo – Oiriall Abú!



Foclóirín Óméith
Bunaithe ar amhábhbar foghraíochta ón *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*
le Ryan Hogan

Ag tús an 20ú haois, b'iomaí ceantar Gaeltachta fud fad na hÉireann, agus cé go raibh an teanga faoi bhláth i gceantair áirithe, ba ag dul i léig a bhí sí i dtrátha an ama chéanna in Oirdheisceart Uladh (Mag Eacháin 2009:1). Go deimhin, níor tháinig an Ghaeilge slán in Óméith sa dara leath den 20ú haois, ach bhí sí á labhairt le linn bhlianta tosaigh an 20ú haois, tréimhse ar a dtugtar 'ré na dtaifeadtaí'. Dá thairbhe seo, tá taifeadtaí fuaime atá gan áireamh, dar leat, ar fáil ón cheantar. Sampla amháin is fiú a lua ná na taifeadtaí luachmhaire udaí a bhailigh an Dr. Wilhelm Deogen agus é ag obair sa ghort i dtrátha na 1920idí. Dá fheabhas lámhscríbhinní, píosaí seanchais nó filíocht bhinn Oirghialla, dar liom féin gur doiligh taifeadtaí fuaime a shárú le léargas beacht a fháil ar nadúr na canúna seo.

Scoláire eile a ndeachaigh a chuid oibre go mór i bhfeidhm ar scoláirí ar spéis leo Gaeilge Óméith, mo dhálta féin, ná an tOllamh Heinrich Wagner. Seal gairid a chaith Wagner in Óméith agus amhábhbar foghraíochta á chonlú aige don 'chomaoín is mó a d'fhág sé ar Éirinn', an *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* (1958-1969) (Ó Dochartaigh 1987: xiv).

In ainneoin na hoibre iontaí seo, rith sé liom tá cúpla bliain ó shin go raibh bearna shoiléir sa staidéar a rinneadh cheana sa mhéid is nár cuireadh tras-scríobh ortagrafaíochta ná anailís chanúna i gcló a bhí bunaithe ar an amhábhbar foghraíochta a bhailigh Wagner in Óméith. Tugadh ormsa amhlaidh a dhéanamh, agus dar liom féin go gcuireann sé go seoigh lenár gcur amach ar Ghaeilge Óméith. Níl thíos ach sampla beag den ábhar a chuir mé ar fáil i mo thráchtas máistreachta féin (cf. Hogan 2021), ach is ríchainte go mbainfidh an té a bhfuil dúil acu i gcúrsaí canúineolaíochta idir thaitneamh agus thairbhe as. Seo chugat, a dhuine chóir, blúirín de Ghaeilge Ghaeltacht Óméith.

<i>An cheist as Béarla</i>	<i>Fogharscríbhinn</i>	<i>An leagan Gaeilge</i>
1) dry cattle; she has no milk	<i>mart gan bara ; n'il' bən'ə ek'i</i>	mart gan bearach; níl bainne aici
2) (the cow is) lowing	<i>ta: fī b'e:k'n'i</i>	tá sí 'béicní
3) I cannot chew tobacco	<i>ha d'zīg' l'əm tə'bak ə 'xegnu</i>	cha dtig liom tobac a chagnadh
4) the cows' horns (pl.); (sing.)	<i>pl. e:rkū ; e:rk (M) (sg.)</i>	adharcú; adharc
5) I have to cure her; We have to cure her	<i>kaf'ɪ mə l'ifəh huf'ərhi ; kaf'ə mīn': b'ifəx xīr'ərhi</i>	caithfidh mé leighis a thabhairt uirthi; caithfidh muinn biseach a chur uirthi
6) I must tie the cow (+M);	<i>kaf'ə m'e ŋ ma:rt'f ə x'aŋəl ; k'e:l'ə m'a</i>	caithfidh mé an mairt a cheangal; ceanglaídh [ceaghlaídh] mé
7) the cows are grazing; (+M)	<i>ta nə ba fərʃi.əht (-iāt) ; e:r f'e.rə (M)</i>	tá na ba 'farsaíocht [fasaíocht]; ar féarach (M)
8) I went to the well for water	<i>fua m'ə ɪg'ən təbər fa: iʃk'ə</i>	fua[idh] mé chuig an tobar fá uisce
9) the teats; she has sore teats; + alt. pl.	<i>nə balāni ; ta bal.āni f'ri:r ək'i ; bal:əni</i>	na ballánaí; tá ballanaí frithir aici; ballanaí
10) cream; I lifted the cream from the milk	<i>,ba:r dən 'wəŋ'ə ; hog m'e ŋ uətər an 'bən'ə</i>	barr den bhainne; thóg mé an uachtar ón bainne
11) thick milk; (+M)	<i>... raūər ; bən'ə t'fū (M)</i>	bainne ramhar; bainne tiugh
12) the woman of the house is churning; the butter	<i>ta b'anə 'ti:ə d'zanu w suəs əm'ə ; t'fīm':</i>	tá bean an toighe 'déanamh suas ime; [an] t-im
13) a print; the churn-lid	<i>m'esgən ; kapən e v'esgän</i>	meascán; capan an mheascán
14) lambs (pl.); a lamb (sing.)	<i>ū:ani ; u:n</i>	úanaí; úan

15) a fat wether	<i>mɒl'ʃən raŭər</i>	moiltín ramhar
16) he is shearing the sheep	<i>ta fɛ lɒmərt'ʃ nə ɡy:ɾi</i> ; ... <i>lɒm:ə nə 'ɡy:ɾǎ</i>	tá sé ‘lommairt na gcaoraigh; ... ‘lommadh na gcaorach
17) the sheep went astray	<i>fui nə ky:ɾi ɛr ʃarhǎn</i>	fuaidh na caoraigh ar searchán [seachrán]
18) ‘straying’	<i>ɛr ʃarhǎn</i>	ar searchán [seachrán]
19) I am perished with cold	<i>ta: m'ə ʃɔkɪft'ə</i>	tá mé siocaiste
20) a kid	<i>m'anən</i>	meannán
21) wild animal	<i>b'i:ɔl̩</i> (almost -ǝx) <i>f'iəɣən</i>	beithíoch fiáin
22) he is a quiet fellow	<i>ta fɛ səkər so:ntə</i>	tá sé socair sónta [saonta]
23) pig’s snout	<i>ɡorən mʷɪk</i>	gabhran [?] muic
24) a shoat or pigling (pl.)	<i>p'ig'ən'i b'ogə</i> (or <i>mɔkə b'ɔgə</i>)	pigíní beaga (<i>nó</i> muca beaga)
25) a strong winged feather; feathers (+alt.); (+M)	<i>k'l'èt'ʃə</i> ; <i>klīm'n'a</i> (<i>alt. klīv'n'a</i>) ; <i>k'l'et'ʃaha</i> ; <i>klu:aha</i>	cleite; cluimneach (<i>nó</i> cluimhneach); cleiteacha; clúmhacha
26) on the roost	<i>ɛrə 'sparɪʃ</i>	ar an sparaís [?]
27) cocks (sing.); a cock’s step	<i>kil'ǎ</i> ; <i>kəʃp'ən kwil'i</i>	coileach; coispeán coiligh
28) (the hen is) flying; (+alt.)	... <i>ɛr 'et'ʃəɡ</i> (or ... <i>ɛr 'et'ʃəɾǎ</i>)	... ar eiteog (<i>nó</i> ar eitreach)
29) the fox killed more than 12 hens; all my hens (M)	<i>waru n t'ʃanə ə xid' əs mɪ̯: də mə x'arkə</i> ; <i>mə k'arkə ə'l'ig'ə'l'ɛ:rə</i>	mharbh an tsionnach an chuid is mó de mo chearca; mo chearca [chearcú] uilig go léir(e)
30) I got a start	<i>xír fɛ ŋ̩ 'tanəm asəm</i>	chuir sé an t-anam asam
31) yolk of an egg	<i>bʷɔ:ɡən</i>	buíocán
32) white of an egg	<i>d'ʒaləɡən</i>	dealgán
33) duck; ducks; duck-meat; (+M)	<i>tɔnɔɡ</i> (or <i>tɔnɔk</i>) ; <i>tɔnɔɡu</i> (<i>alt. pl. tənagu</i>) ; <i>b'i:əɣ tɔnɔɡ</i> ; <i>tɔn:ag</i> <i>pl. nə tɔn:agr:</i>	tonnóg; tonnógú (<i>nó</i> tannagú); biadh tonnóg; tonnóg, na tonnógáí (M)
34) honey; it is as sweet as honey; a bee; the bees are on the cows; (+M); (+Omeath)	<i>m'íl'ʔ</i> ; <i>ta fɛ xu 'm'íl'ɪʃ'l'è 'm'íl'ʔ</i> ; <i>b'ɛ</i> ; <i>ta nə b'e.ə ɛr nə 'ba</i> ; <i>b'e:</i> ; <i>b'əɔɔʔ</i>	mil; tá sé chomh milis le mil; bé; tá na béagha ar na ba; bé (M); béagh [?]
35) I will buy a house; (+ V.N.)	<i>k'anə m'ɛ ti'</i> ; <i>k'an:a</i>	ceannfaidh mé tigh; (A.B.: ceannach)
36) screaming; it stung me	<i>ə b'eg'n'i</i> ; <i>xír fɛ ɡahi ə'ʃt'aɣ məm</i>	ag béicní; chuir sé gathaigh isteach ionam
37) horse; mare (M)	<i>ɡ'ar.ən</i> ; <i>kapəl</i>	gearrán; capall
38) running around	<i>ə rəxtal' hət</i>	ag r[e]achtáil thart
39) a foal (M)	<i>ʃarə</i>	searrach
40) he is riding a horse	<i>ta fɛ marki.at ɛr ɡ'a:rən</i>	tá sé ‘marcaíocht ar gearrán
41) horseshoe (sing.); donkey’s shoe; horseshoes (pl.) (M)	<i>krú:</i> <i>ɡ'a:rən</i> ; <i>kru. 'q̩səl</i> ; <i>krú:a</i>	crú gearrán; crú asal; crúacha [?] (<i>uimh. iol. M</i>)

42) the horse jumped over the fence	<i>l'e:m' ə ʃa:rən trasnə n kləɔʔ</i>	léim an ghearrán trasna an cladh
43) ditch (pl.)	<i>kləɔlǎǎ</i>	cladhacha
44) the straddle pad	<i>pɔd'ʒəri</i>	poideoirí [?]
45) horse-cart; a cart	<i>kart'ʃ ɡ'a:rən</i> ; <i>kart'ʃ</i>	cairt gearrán; cairt
46) I went out with the gun to catch rabbits	<i>ʃuə m'ɛ ə'ma l'ɛʃə 'ɣɔɣə, ɛr hɔŋ kɪn'ən'i ə ɣo:l't'ʃ</i>	fua[ɪdh] mé amach leis an ghunna ar shon coiníní a ghabháilt
47) the rabbits did not hear me at all	<i>har xuəli nə kɪn'ən' m'ɛ ɛr b'i'</i>	char chualaidh na coinín[i] mé ar bith
48) the women knit every night; knitting (M)	<i>ta nə mra: k'ret'ʃal ɡa'nɫ̩:ix'ə</i> ; <i>k'l'et'ʃa:l'</i>	tá na mná ‘cniteáil gan oíche ; cliteáil
49) thread; give the thread!(M); give me! (M)	... <i>sna:</i> ; <i>tɔɾ ən sna:ix'ə</i> ; <i>to:r dú:</i>	snáth; tabhair an snáithe; tabhair domh!
50) twisting the thread (+alt.)	<i>kasu ŋ̩ trǎ:</i> (or , <i>kasən 'tra:</i> .)	‘casadh an tsnáth (<i>nó</i> ‘cas an tsnáth)
51) a knitting pin	... <i>d'ʒaləɡən</i>	dealgán
52) ‘parts of the spinning wheel’	<i>hak' → [?]</i> ; <i>ʔk̩s 'kasi</i> , <i>→ cos casaidh</i> ; , <i>ə 'trɔ̯:</i> (or <i>trəɔ</i>) <i>→ the string</i> ; <i>ə t'ʃiərən ku:l</i> <i>→ an t-iarann cúl</i> ; <i>f'et'ʃəɡən → spindle (M)</i>	i) thaic > hook [?], ii) cos casaidh, iii) an tró/treabh – the string, iv) an t-iarann cúl, v) feiteagán [eiteán] - spindle (M)
53) a skein of thread; four skeins in a hank; hank	<i>sga:n'ə</i> ; <i>k'arə sga:ti ŋ̩sə 'niərən</i> ; <i>iərənə</i>	scáinne; ceathra scátaí insan íoran ² ; íorna
54) homespun cloth	<i>p'l'ɛd'ʒən'</i>	pléidín [?]
55) I am not used to it; I have no knowledge of this work	<i>n'íl' m'ɛ k'l'ahɪʃt'ə l'ɛʃ</i> ; <i>n'íl' ũəɫəs əɡɔm ərə 'nɔbər ʃɔ</i> , ; <i>n'i:l' m'ə k'l'atɪʃt'ə ,l'ɛʃə 'nɔbər ʃə</i> ,	níl mé cleachtaise ³ leis; níl eolas agam ar an obair seo / níl mé cleachtaise leis an obair seo ⁴
56) he could not do that work	<i>ha d'ʒig'u l'ɛʃə 'nɔbər ʃən' ə janũ</i>	cha dtigeadh leis an obair sin a dhéanamh
57) place; the people of this place; in the place	<i>a:t'ʃi</i> ; , <i>dy.n'i də 'na:t'ʃi ʃo</i> , ; , <i>sə 'nə:t'ʃi</i> ,	áitidh; daoine den áitidh seo; san áitidh
58) a cabbage (+alt); (+M)	<i>ɡɔbəʃt'ə</i> (or <i>ɡabəʃt'i</i>) ; <i>ɡabəʃt'ə (M)</i>	gabaiste (<i>nó</i> gabaistigh); gabaiste (M)
59) the dinner-pot; a pot; pots; pot stick	<i>ʔpɔtə v'an 'le:</i> , ; <i>pɔtə (M)</i> ; <i>pɔtagɫ</i> ; <i>mɔd'ʒə ən fa.tə</i>	pota mheán lae; pota (M); potógú; maide an phota
60) pounder or beetle (for mashing potatoes or for pounding the flax)	<i>ə buəl'ʃən'</i>	an buailteán
61) a loaf (M); buy a loaf of bread!	<i>bul'əv'ən</i> ; <i>k'an:i bɔl'əv'ən' q̩rǎn</i>	builbhín ; ceannaigh builbhín arán!
62) she is baking bread	<i>ta ʃi t'ʃanu aran</i>	tá sí ‘teanamh arán
63) I had brissle; ‘boxty’	<i>v'i: rɔ:stagu əɡɔm</i> ; <i>bɔkst̪i</i>	bhí róstagadh agam; bocstaí
64) a new suit; he has a couple of suits; I got a suit (M); a new suit	<i>kuɫi ú:r</i> ; <i>ta 'ɔnɔrt'ʃi kuɫi ig'ə</i> , ; <i>fuər m'ɛ kɔɫi: ɛ:dr</i> ; <i>ɡrɫ:ʃɫ:r</i>	culaith uair; tá anairt[r]í ⁵ culaith aige; fuair mé culaith éadaí; gnúis úr
65) your shirt is dirty; dirty (M)	<i>ta də l'e:nə kladi ...</i> ; <i>sala</i>	tá do léine cladaigh; salach
66) sleeve; sleeves (+alt.)	<i>mɔnɪʃt'ə pl. mɔnɪʃt'ʃi</i> ; <i>mɔnɪʃt'ə</i> (or <i>mɔr-or mol'-</i>) (M)	monaiste; monaistigh ; (<i>nó</i> moraiste/molaiste (M))
67) the flood is plentiful; we have enough food; money is scarce	<i>ta ŋ̩ b'i:əɣ ɡə 'fla:ʃla</i> ; <i>ta b'ia ɡə l'ɔ:r ə'ɡ̩n'</i> ; <i>ta n t̪ɛrɪɡ'əd ɡa.n</i>	tá an biadh go fláflach[?]; tá bia go leor againn; tá an t-airgead gann

² cf. Foclóir Gaeilge-Béarla: **íorna**; metatitéis sa leagan seo
³ ‘Cleachtaiste’ an dóigh a bhfuil an focal seo tras-scríofa ag Wagner, ach ‘cleachtaise’ an dóigh ar fhuaimnigh Bean Uí Annluain é, bunaithe ar an taifead gutha a raibh rochtain agam air
⁴ cf. ‘An Aidiacht Bhriathartha’ thíos
⁵ Féach Ó Baoill (1996): 132 – (*dh*)*anairt* (<*dhú* nó *trí*) = ‘about’

68) your breakfast	<i>də vrekfast</i>	do bhreacfast
69) my dinner	<i>mə v'a:nle:</i>	mo mheán lae
70) my supper; my tea	<i>mə hoʊpar ; mə rɒʃən'</i>	mo shuipear; mo raisin
71) I shall eat whatever you will give me	<i>i:ə m'a ən 'dadu ə hogəs tu dū:sə</i>	ithfidh mé aon dadadh a thugfas tú domhsa
72) I didn't eat anything today because I was sick	<i>ha 'ri m'ə ɲ dadu mər v'i: m'a t'fin':</i>	char ith me aon dadadh mar bhí mé tinn
73) give me something to eat; something (M); to eat (M)	<i>tə 'rɒdən'fə l'ɛ 'i. əgəm ; rɒdən't'a ; l'e: g'i</i>	tabhair rud inteach le ith agam; rud inteach; le gith
74) I shall give; I gave; a beggar	<i>verə m'a ; hog m'a ; f'ar pɒd'ərə (f'ar krɪn'u d'ʒe:rkə)</i>	bhéarfaidh mé; thug mé; fear pudaire [pucaire] (fear cruinniú déirce)
75) porridge; stirabout (M); gruel	<i>brɔ:ən (or brɔ:wæn) ; stɔərəbout ; brɔ:ən lɔm:</i>	brachán (nó brámhan); stórababht [?]; brachán lom
76) my father; father; my father and my mother (M)	<i>ma:r (or mə 'ɣad'zi) ; aər ; ahər smə wɔ:r</i>	m'áthair (nó mo dhaidí); athair; athair 's mo mháthair
77) my grandfather; grandmother; she has a grandfather	<i>mə ɣad'ʒ mo:r ; mo:ri ; ta a:r mo:r ek'i</i>	mo dhaid mór; móraí; tá áthair mór aici
78) she is (very) thin; (+alt.)	<i>ta fi m'at'fə (alt. tana or tani)</i>	tá sí meaite (nó tana / tanaí)
79) the people of Ireland; people; the people of Ireland (M)	<i>nə dy:n'i gɔ:lək ; mɪt'fər ; mɪt'fər e:riŋ'</i>	na daoine Gaedhealg[c]; muintir [muintir]; muintir [muintir] Éirinn [-ing]
80) people from Ireland went to America; many a person...; many a man from Ireland	<i>,fui dy:n'ə ə 'se:rən hig'ə 'merik'ə ; fɔmə dɪn'ə ... ; fɔmə ar ə se:riŋ'</i>	fuaidh daoine as Éirinn chuige Meiriceá; is iomdha [iomaí] duine; is iomdha [iomaí] fhear as Éirinn
81) lips	<i>pɒfɪn 'i</i>	puisní
82) I have to comb my hair every morning before I go to school	<i>kaf'ə m'ə mə ɣrɫæg ə x'iəru ,gan 'wod'zən', rɪm' l'əm ə ɣɔl' nə 'sgol'ə</i>	caithfidh mé mo ghruag a chíoradh gan mhaidin roim liom a dhul 'na scoile
83) harm (M)	<i>dalɪ:</i>	dolaidh
84) chin	<i>mə sm'igəd</i>	mo smigead
85) he did not see me	<i>har han'ig' fe m'iʃə pot</i>	char chonaic sé mise pot [?]
86) I have no eyesight	<i>l'e:ʃā ; n'i'l'e:fəgɔm</i>	léise; níl léise [léas] agam
87) he is watching me	<i>ta fe fras l'ɔm</i>	tá sé 'fuireachas liom
88) he tried to kill me	<i>xy:l' fe mə 'warəwɪ</i>	shíl sé [?] mé 'mharbhadh
89) a handkerchief; a handkerchief for my head	<i>g'ibəl ; g'ibəl ,ɛr 'hɔn mə 'x'ɪn,</i>	giobal; giobal ar shon mo chinn
90) I have a toothache	<i>ta ɲ d'ʒe:d'zu ɔrəm</i>	tá an déideadh orm
91) I nearly broke my arm when I fell (+alt)	<i>v'i: m'e wogəs mə lā:wə v'e b'riʃt'ə (alt. ,v'i: m'ə 'wogəs, dəmə lā:wə vrɪfu)</i>	bhí mé i bhfogas mo lámh a bheith briste (nó bhí mé bhogas de mo lámh a 'bhriseadh)
92) peeling (of the skin at the nail)	<i>i:nə 'sgafan, (or sgauhan) (alt. sgauin'ay) ; skau i:n'a ɔrɔm</i>	íon[g]a scamhachán (nó scamhán) (nó scamhaíneach); scamh íon[g]a orm (tá scamhachán orm)
93) my shin bone	<i>mə l'irəgən ; lɔrig'ən</i>	mo lorga[i]n
94) back of knee	<i>mə isgəd</i>	mo ioscad [ioscaid]
95) the back of the house; the front of the house; house (M)	<i>,kɫ ə 'tiə, ; e:j ə ti:ə ; ti'</i>	cúl an toighe; aghaidh an toighe; toigh

96) walls of the house; wall (M)	<i>bali ɲ ti:ə ; bal:ə</i>	ballaí an toighe; balla
97) an old house	<i>fənti'</i>	sean-toigh
98) stairs	<i>nə sde:ri</i>	na stéaraí [?]
99) sit down and rest yourself	<i>fɪ fi:əs ɔgəs ,t'anə də 'ɣɔru, (or f'g'i:ʃt'ə) ; ,... 't'fanə də 'ʃk'i:ʃt'ə</i>	suigh síos agus teana do ghoradh (nó scíste); teana do scíste (M)
100) hearth	<i>t'fin'l'an</i>	tinleán
101) he is kindling a fire	<i>ta fe t'fanũ t'fin'i</i>	tá sé 'teanamh tinnidh
102) I raked the fire; (+ V adj.)	<i>xegəl' m'ɛ ɲ t'fin'i ; kɔgəl'tfə</i>	choigil mé an tinnidh; coigilte
103) turf-bog; in the bog	<i>kɔra ; ɲsə xɔra (-r:-)</i>	có[n]ra; insa chó[n]ra
104) a bank of turf; on the bank	<i>ban'fɔg (-ʃək) mu:nu ; ,erə 'wan'fɔg</i>	báinseog (báinseac) mónadh; ar an bháinseog
105) it is not dry yet; fairly dry	<i>n'il' fe t'firəm gə ʃɔ:l' (or gə ʃəλ) ; kɔsəl' t'irəm'</i>	níl sé tirim go fóill (nó go seadh); cosúil tirim
106) ruins (of a house)	<i>fəntvali</i>	sean-bhallaí
107) fairies; a fairy-woman; fairies	<i>lɔxrəman (or luk- or lux-) (or dyn'i bɔgə) ; fi:gi mra: ; din'i b'ɔgə</i>	lóchraman (nó lúc-/lúch-) (nó daoine beaga); síogaí mná; daoine beaga
108) we turn the grass	<i>t'fantəmin' ə f'e:r</i>	tionnta muinn an féar
109) a hay-cock; hand-cocks	<i>krɫəxə (-x'-) f'e:r ; hadəgs</i>	cruacha⁶ féar; hadógs
110) take your choice!	<i>t'fanə də re:</i>	teana do rogha!
111) they are not ripe yet; ripe	<i>n'ial fiəd ab'i gə 'tʃəλ ; abɪ</i>	níl siad aibí go teadh [seadh]; aibí
112) handle; striker (of a flail)	<i>la:fran ; buəl'fən</i>	lámh-chrann⁷; buailsean
113) the people are coming to visit	<i>ta nə dʌ:ni t'fat ə'ʃt'a ɛrə 'x'e:l'i</i>	tá na daoine 'teacht isteach ar a chéile
114) they will be married soon	<i>b'e fiəd pɔ:stə gə 'hak'ərə</i>	beidh siad pósta go haiciorra
115) he whistled to me; a whistle; whistling	<i>rɪn' fe f'i:d'zɔg ɔrəm ; f'i:d'zɔg ; ə f'edl'i</i>	rinne sé fídeog orm; fídeog; ag feadlaigh [?]
116) wake-house; respect for the dead; (A. Ir. 'were you at the <'); a wake	<i>ti 'tɔ:ɹhi ; kɔmɔru ; 'were you at the kɔməri?' ; fɔrə (or fɔɹuɔw)</i>	toigh tóraitmh; comóradh; 'were you at the comóraidh'?; faire (nó faireamh)
117) she was crying when her husband died; the old lady was crying when her husband died	<i>v'i fi gɔl sə b'e:k'n'i nuər d'ʒe:g ə f'ar ; ,v'i: ən 'fanv'an ə 'gɔl, nə ə fuər ə f'ar ba:s</i>	bhí sé 'gol 's ag béicní nuair a d'éag a fear; bhí an seanbhean ag gol nuair a fuair a fear bás
118) coffin; the lid of the coffin; in the coffin	<i>kū:gərə ; kla:r ə xū:gərə ; ɲsə xō:ɹhə</i>	cómhghar; clár an chómhgaire; insa chórtha
119) i) graveyard; ii) he will be buried in the grave-yard; iii) grave; iv) in the grave; v) grave	<i>rɪl'.ig' ; b'e fe il'k'i (or il'k'iʃə) ɲsə rɪl'ig' ; u:ig' (or ɔ:ɪ) ; ɲsə 'nu:ig' ; ; λ:əɪx'</i>	i) reilig; ii) beidh sé ilcidh (nó ilcise [iolcaise])⁸ insa reilig; iii) uaig[h]; iv) insan uaig[h]; v) uaich
120) people didn't go to school in my time	<i>ha d'zai fiəd hig' ən sgol' ,ɲ 'mem'fəɹʃə,</i>	cha deachaigh siad chuig an scoil in m'aimsirse
121) public-house	<i>ti b'ətal't'fə</i>	toigh biotáilte

⁶ ‘cruaiche’ an fuaimniú a bhí aici

⁷ Féach Sgéalta Mhuintir Luinigh (xxxii) – *thmh, thbh, mhch, mhth > f – lámh-chrann (lâfrann)*

⁸ Féach Sgéalaidhe Oirghiall (1905), lch. 140: ‘iolcaim, for adhlcaim, I bury’ agus The Spiritual Rose (2001): xxx

122) a little boy; the boys; I have good boys; boys	<i>garsən ; nə bo:əl'i ; ta bo:l'i maih əgəm ; gasəni</i>	garsún; na buachaillí; tá buachaillí maith agam; gasúnaí
123) he is a queer fellow	<i>din'ə ɛft'íwə</i>	duine áisteamh[!]jach
124) I heard that you were sick	<i>fuələ m'e gə ro tu t'fin'</i>	fuala mé go rabh tú tinn
125) Protestants	<i>aləbna</i>	Alabnach
126) we go to Mass every Sunday; I am going to Mass	<i>ta mīn' ə gəl' ,hig' ə 'nèrən, gan dɔ:nǎ ; ,ta m'e gəl' ə 'n'erm',</i>	tá muinn a[g] dhul chuig an Aif[h]reann gan Domhnach; tá mé [a]g dhul 'an Aif[h]reann
127) rosary	<i>kənər wīrə</i>	conóir Mhuire
128) bishop	<i>f'ri:wan (or f'ri:wi) [?]</i>	Phríomhán [?]/ Phríomháidh
129) a fly; flies; (M)	<i>kil'ag pi. kil'agu (or kilag) ; kil'ag (M)</i>	cuileog; cuileogú; cuileog (M)
130) snail	<i>ʃel'əgəbú:rk</i>	seilige búrc (nó seilice...)⁹
131) it is terribly cold	<i>ta ʃe amədi fuər (or ... λ:nta fuər)</i>	tá sé amadaigh fuair (nó iontach fuar)
132) snowflakes; it is coming down in big snowflakes	<i>klabɔgu ; ta: ʃe tar ə'nuəs nə klabagu mo:r</i>	clabógú; tá sé tar anuas 'na clabógú mór
133) I went to shelter	<i>fuə m'e ɛr 'fasgu</i>	fua[idh] mé ar foscadh
134) hot; it is hot; hotter	<i>t'ʃe ; ta: ʃe brɔnə ; ,nə 'ʃt'eə, (or n'i:ʃ't'e:jə)</i>	te; tá sé bronnach; níos téighe
135) longer	<i>,nəs 'ʃid'ʒə,</i>	nas faide
136) quicker than I; quicker	<i>nəs gasta nū: m'iʃə ; nəs (or nə) gasta,</i>	nas gasta ná mise; nas (nó na) gasta
137) he is living near to me	<i>ta ʃe nə xəni ak'ərə dū (or ... di:m) (corr.?)</i>	tá sé 'na chónaí aiciorra domh (nó ... díom)
138) easier	<i>nəs 'bərəst (corr.)</i>	nas burast'
139) evening	<i>kənəsgər</i>	coineascar
140) I work every night	<i>,ta m'e gəbər 'wɔgəs dɔ gan 'λ:ix'ə,</i>	tá mé ag obair i bhfogas dɔ gan oíche
141) the day after tomorrow; ii) the day before yesterday	<i>ə'no:rhər ; ii) ɛrf'i n'e:</i>	anóirthear; ii) eirfidh inné
142) maybe	<i>,p'eti</i>	péataidhe
143) I am well; I am middling; I am not well at all	<i>ta m'e gə 'galəntə ; ta m'ə kəsəl ; ,n'ial' m'e gə 'mai ɛr 'b'i,</i>	tá mé go galánta; tá mé cosúil; níl mé go maith ar bith
144) the boys were throwing stones at each other	<i>v'i nə gastəri kahuw klɔh ,ɛrə 'x'e:l'ə,</i>	bhí na gastráí [gasúraí] 'caitheamh cloch ar a chéile
145) the shortcut; he came with me	<i>... bala ə 'nak'rə ; hən'ig' ʃe ɫ'ɔmsə</i>	bealach an aiciorra; tháinig sé liomsa
146) he is afraid of her	<i>ta ɛgəl ɛr rīm'ə l'ex'ə</i>	tá eagal air roime léithe
147) the shoes don't fit me; that isn't fit for you	<i>ha nɔ:rənə brɔ:gə ʃin ɔrəm ; n'il' ʃe ʃin' ɛr də 'hən</i>	chan oireann na bróga sin orm; níl sé sin ar do shon
148) he is imitating me	<i>,ta ʃe kabə' rɛrɪʃ ərəm,</i>	tá sé 'cabach aithris orm
149) a present	<i>presantə ...</i>	présanta

⁹ Féach Sgéalaidhe Oirghiall (1905), lch. 144: seilite búrc

150) we were lonely after her; I am never lonely	<i>v'i ʃɔd'ziat ɔrin' wuəix'ə ; ha v'i:ən ʃɔd'zi:axt ərəm</i>	bhí faididheacht orainn uaithe; cha bhíonn faididheacht orm
151) he has a big family	<i>ta: mɔri.n' (-in') mo:r ig'ə</i>	tá muirighean mór aige
152) we are ready	<i>ta: mīn' rɔʔ:i</i>	tá muinn réidh
153) God give you luck!	<i>gə sɛrəv'i d'ʒiə ʃiɖ'</i>	go soirbhí [soirbhíghidh] Dia dhuit!
154) shadow	<i>ɛ:ʃəri (?)</i>	aiséirí
155) the boat sank	<i>fuəi m ba:də ʃi:s</i>	fuaidh an báda síos
156) yes!	<i>ʃəλ</i>	seadh!



‘Gaeilge Óméith: Canúint Chaillte’. Caint sa Dolmen Centre, Óméith ar an 08/03/2023

agus Oiriall, go diail! – cuairt ó Dháil na Mumhan





Coláiste Bhríde, Ómeith – Coláiste Gaeilge, Coláiste Oiliúna

leis an Dr. Seán Ó Coigligh

An cúla

Nuair a chuaigh foireann teagaisc Choláiste na Mumhan i mbun oibre den chéad uair i samhradh 1904, bhí céim in airde faighte acu siúd a bhí ag agóid ar son stádas na Gaeilge sa chóras oideachais. Ghéill an Bord Náisiúnta Oideachais do ghníomhaíocht an Chonartha chun an Ghaeilge a chur ag croílár churaclam na scoileanna. Ó 1904 ceadaíodh teagasc na Gaeilge ins na scoileanna náisiúnta sna ceantair ba láidre Gaeilge trí choinníollacha an Chláir Dhátheangaigh i rith uaireanta rialta na scoile. Ach bhí an dochar déanta. Ó bunaíodh an córas oideachais náisiúnta in 1831 cuireadh béim ar chúrsaí litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí. ‘Sé sin litearthacht sa Bhéarla. Rinneadh neamhaird iomlán ar an Ghaeilge agus ar chultúr na hÉireann sa seomra ranga. Cuireadh an Béarla agus luachanna chultúr na Breataine chun cinn go neamhleithscéalach. Polasaí réamheagraithe a bhí ann chun deireadh a chur leis an Ghaeilge mar theanga labhartha mhuintir na hÉireann. Ní gá dúinn ach cuntais scríbhneoirí na Gaeilge a léamh chun iompar na múinteoirí scoile a fheiceáil agus iad ag galldú an tseomra ranga. ‘The Murder Machine’ a thug an Píarsach ar an chóras oideachais Ghallda seo.

Faoi bhliain 1900 bhí borradh tagtha faoi líon na scoileanna náisiúnta in Éirinn. Bhí 1,106 scoil náisiúnta in Éirinn in 1843 agus tháinig méadú leanúnach ar an uimhir seo go dtí go raibh 8,684 ar bun in 1900. Bhí 745,861 dalta ag freastal ar na scoileanna náisiúnta seo. Meastar go raibh léitheoireacht ag 84% den daonra in 1901. Bhí ag éirí leis an chóras oideachais i gcás na litearthachta, ach litearthacht sa Bhéarla a bhí i gceist leis an uimhir seo. Is fiú meabhrú ar thuairimí an Phiarsaigh ar a chonaic sé i gConamara:

I have seen in the West of Ireland young men and women, who after six years spent at the National School could neither read nor write and did not know the meaning of the English word for ‘man’. I have met boys who could tell me that c-o-w spelt ‘cow’ that ‘cow’ was a common noun, third singular, feminine gender; but who were profoundly ignorant of the meaning of the word ‘cow’, and, of course had not the faintest conception of the signification of the term ‘noun’, ‘common’, ‘singular’, ‘feminine’, or ‘gender’. (Seamas Ó Buachalla, (eag.) *The educational writings of P.H. Pearse: a significant Irish educationalist* (Baile Átha Cliath 1980), 312.)

Is é an toradh a bhí ar an scéal seo ná gurbh é an Béarla teanga an tseomra ranga. Níor tugadh aitheantas do chultúr na ndaltaí, ‘sé sin cultúr na Gaeilge. Baineadh úsáid as an lámh láidir chun cuspóirí an chórais oideachais a chur i bhfeidhm. Bhí cosc iomlán ar theagasc na Gaeilge ach amháin mar ábhar breise ó 1878. Mar sin ní dhearna na coláistí oiliúna ar nós Choláiste Pádraig, Droim Conrach neamhaird iomlán ar an Ghaeilge. Ní raibh aon ghá le hoiliúint sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge a chur ar oidí scoile.

Thuig conraitheoirí an phráinn a bhain le hoiliúint a chur ar oidí scoile chun tairbhe a bhaint as an deis a bhí sa Chlár Dátheangach. Bhí dóchas acu go leathnófaí teagasc na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta eile ar fud na tíre. Bheadh géarghá le meitheal leathan láidir



Scoláirí Gaeilge Ollscoil Uladh ar cuairt in Ómeith. D’fhoghlaim siad faoin chanúint, thug cuairt ar áiteanna suimiúla agus bhain sult millteanach as an lá.

Grianghraif le Craobh an Iúir

mhúinteoirí scoile a chur ar fáil; oidí a bhí oilte sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge. Chuir an t-easnamh seo tús le feachtas na gcoláistí Gaeilge; feachtas a bhí á thiomáint ag conraitheoirí ar nós Liam de Róiste agus Seán Ó Cuív (Coláiste na Mumhan), An tAthair Risteard de Hindeberg agus Pádraig Ó Cadhla (Iolscoil na Mumhan), Úna Ní Fhaircheallaigh agus Séamus Ó Searcaigh (Cloch Cheann Fhaola) agus Míchéal Breathnach agus Padraig Ó Domhnalláin (Coláiste Chonnacht).

Na Coláistí Gaeilge

Tháinig Coláiste Bhríde, Óméith ar an saol in 1912 ach bhí coláistí Gaeilge imithe i mbun oibre cheana féin. Cuireadh Coláiste na Mumhan ar bun in 1904 i mBéal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí. Go luath ina dhiaidh sin cuireadh coláistí ar bun i dTuar Mhic Éadaigh (1905), Béal Feirste (1905), Rinn Ua gCuanach (1906), Gort a’ Choirce (1906) agus An Spidéal (1906). Agus bhí an Bord sásta tacú leis an tionscnamh seo.

Cionn is gurb obair oifigiúil í obair na gcoláistí seo - obair dála an scéil a bhí á déanamh faoi chúram an Bhoird - bhí aitheantas oifigiúil ón Bhord riachtanach agus bhí an t-aitheantas seo faighte ag na coláistí seo; aitheantas a thug cead daoibh cúrsaí oilúna a reáchtáil. Ba é seo an t-aon bhealach d’oide scoile cáilíochtí oifigiúla an Bhoird a fháil chun an Ghaeilge a theagasc, agus íocaíocht a fháil ón Bhord. Bhronnfaí teastas an Bhoird ar oidí ar éirigh leo sa scrúdú oifigiúil a chuirfeadh cigire an Bhoird orthu laistigh de bhliain tar éis dóibh freastal ar chúrsa oiliúna. Bheadh deontas £5 le bronnadh ar an choláiste Gaeilge as ucht gach oide ar éirigh leo i scrúdú an Bhoird. Bhí an t-aitheantas seo ag teastáil ó Eoin Mac Néill agus coiste Choláiste Bhríde chun dul i mbun oibre.

Aitheantas

Bronnadh aitheantas oifigiúil ar choláiste a shásaigh rialacha an Bhoird a bhain le háiseanna, le cáilíochtaí na foirne teagaisc, le siollabas agus le lóistín. Cuireadh cigirí amach chun iarratas an choláiste a dheimhniú agus scrúdú a dhéanamh ar na sonraí a chuir lucht na gcoláistí faoi bhráid an Bhoird. Níor bronnadh aitheantas ar gach coláiste a chuir isteach air. Bhí aitheantas an Bhoird riachtanach chun cúrsa a reáchtáil. Mar shampla, gan an t-aitheantas seo ní bheadh cead ag bainisteoir scoile ionadaí a cheapadh in áit an mhúinteora a bhí ag iarraidh freastal ar chúrsa Gaeilge. Tharla conspóid in 1912 nuair a theastaigh ón Athair Mac Aonghusa, sagart paróiste An Phointe, Michael James O’Hare a cheapadh mar ionadaí in áit Sheáin Mhic Chrábhagáin, múinteoir i scoil na mBuachaillí. Dhiúltaigh an Bord cead O’Hare a cheapadh mar nach raibh an t-aitheantas oifigiúil faighte ag Coláiste Bhríde, Ó Méith. Cibé scéal é, is léir gur thug an tAthar Mac Aonghusa cluas bodhar do chinneadh an Bhoird mar tá ainm Sheáin Mhic Chrabhagáin ar rolla an chéad chúrsa in Óméith.

Siollabas agus clár oibre Choláiste Bhríde

Tugann na cáipéisí a chuir Eoin Mac Néill, a bhí ina Ard-Ollamh ar Choláiste Bhríde in 1912, faoi bhráid an Bhoird léargas cruinn dúinn faoin tionscnamh a bhí curtha ar bun in Óméith. Bhí cáilíochtaí na foirne ar aon dul leis na baill foirne sna coláistí eile. Bhí Eoin Mac Néill ina Ollamh i Luathstair na hÉireann i gColáiste na nOllscoile, Baile Átha Cliath. Ceapadh Peadar Ó Dubhda, Aodh Mac Greacháin, Éamonn de Bhaldruinn ina mbaill den fhoireann teagaisc in 1912.

Tugann ‘Clár na dTráth’ le fios nach Gaeilge amháin a bhíodh á foghlaim ag na mic léinn i rith an chúrsa. Feictear ‘comhrádh agus sgríbhneoireacht’, ‘leabhra agus cainnt’ agus ‘ceól’ ar an chlár oibre (thíos); ábhair atá le feiceáil i gcoláistí samhraidh an lae inniu. Ach luaitear ‘Modh Díreach’, ‘Cleacht Teagaisc’ agus ‘Fuaimneoireacht’, a léiríonn gur obair oiliúna i dteagasc na Gaeilge an chloch ba mhó a bhí ar phaidrín choistí na gcoláistí Gaeilge. Bhí príomhghnéithe shiollabas Choláiste Bhríde ar aon dul le siollabais na gcoláistí Gaeilge eile a bhí ar bun ag an am.

Coláiste Bhríde 14 (2)
Clár na dTráth.

Uair	An I rang	An II rang	An III rang
10.30-11	Modh Díreach	Modh Díreach	Modh Díreach
11-11.30	Modh Díreach: leabhar	Modh Díreach	Modh Díreach
Dia Ceardaoin Dia Sathairn	Cleacht-teagaisc	Cleacht-teagaisc	Cleacht-teagaisc
11.30-12.30	Cainnt agus scríbhneoireacht	Leabhar agus cainnt	Leabhar agus cainnt
12.30-1.30	Sgair		
1.30-2	Fuaimneoireacht		
Dia Máirt Dia hAoine	Sgair		
2-2.30	Comhrádh agus scríbhneoireacht		Fuaimneoireacht agus cleachtas
Dia Máirt Dia hAoine	Sgair		Sgair
2.30-3	Modh Díreach: leabhar	Leabhar: gramair agus scríobta	Leabhar: gramair agus scríobta
3-3.30	Airte scríobta agus meabruighidh ceolta	Sgealluigeacht agus filioeacht	
Dia Máirt Dia hAoine	Ceól		

Amchlár Choláiste Bhríde, Ó Méith i bpeannaireacht Eoin Mhic Néill atá ar fáil i bPáipéir Uí Thighearnaigh, Cartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Seasann na litreacha ‘P’ do Pheadar Ó Dubhda, ‘A’ d’Aodh Mac Greacháin, ‘E’ d’Eoin Mac Néill agus ‘D’ do Dhomhnall Ó Tuathail.

Bhronn an Bord Náisiúnta aitheantas oifigiúil ar Choláiste Bhríde ar an 19ú Meán Fómhair 1912. Dar le D Mangan, cigire an Bhoird a rinne scrúdú ar iarratas an choláiste:

1. The accommodation provided for the students is ample and satisfactory. The house in which the work of the college is carried out is large and commodious. It is pleasantly situated, commanding a fine view of the Mourne Mountains and Carlingford Lough. It is within easy reach of the railway station at Omeath, and, I think, very suitable for its purpose. There is every facility afforded for the comfortable housing of the students in the district around the college.
2. The time-table arrangements, the programme, studies and the teaching staff are satisfactory.
3. There are 52 students on the college roll at present – there were over 30 present yesterday when I visited.
4. I heard lessons given during my stay. They were good and carefully prepared.

I think the Commissioners might consider the application favourably. The college closes on the 30th September.

Your obedient servant
D. Mangan

Luigh Coláiste Bhríde isteach ar an obair oiliúna agus lean sé na cuspóirí comhaontaithe a leag na coláistí aitheanta amach daoibh féin.

- (I) *Teaching of prepared lesson.*
- (II) *Teaching of lesson prepared on short notice, and under supervision (this is to be used as a check upon the 'bona fide' character of the prepared lesson).*
- (III) *Notes on the prepared lesson in proper form to be submitted and credit to be given therefore in calculating marks.*
- (IV) *The prepared lesson to deal with any of the declensions of the article, adjective, or noun, and with the conjugation of the regular and irregular verb, exempting the subjunctive and the "autonomous" form.*
- (V) *Teaching of the object lesson, including a simple lesson in composition from objects or pictures.*
- (VI) *Teaching of a reading lesson.*
- (VII) *Formal lecture on general methods of language teaching to be given during the course, and students' knowledge thereof to be tested by written and oral questions.*

Dheimhnigh Mac Néill na cuspóirí seo ins an ráiteas seo a leanas:

While neglecting no part of the work which is the province of an Irish Training College, particular attention will be paid to teaching Irish conversation, so that no holder of the Certificate of Omeath College will be open to reproach that he is not a fluent Irish speaker, as well as a competent teacher of Irish on the most thorough and 'up-do-date lines'.

Bhí sé ar aon dul leis an mhanna a ghlac Coláiste Bhríde dó féin, 'The Conversational College'.

Siollabas agus cur chuige na hoibre

Faoi mar a tharla ins na coláistí Gaeilge eile reáchtáladh na ranganna agus an obair de réir chaighdeán na mac léinn. Bhí Ardrang ann daoibh siúd a raibh caighdeán ard Gaeilge acu. Bhí Meánrang ann agus Bunrang ann do thosaitheoirí.

Leagann Eoin Mac Néill an clár oibre seo amach do lucht na mbunranganna:

- a. Instruction in Irish by 'Direct Method'
- b. Exercises in reading and writing Irish
- c. Irish conversations
- d. Irish composition
- e. Irish grammar
- f. Irish phonetics

Texts: *Greann na Gaedhilg*
Módh Díreach I and II

Fiú do na tosaitheoirí seo bhí scileanna teagaisc á gcur orthu. Ba é an Modh Díreach an modh múinte a ghlac Conradh na Gaeilge ina chuid ranganna sna craobhacha ar fud na tíre, a bhain úsáid as an Ghaeilge chun an teanga a theagasc. Bhí clú ar Pheadar Ó Dubhda mar mhúinteoir an mhodha dhírigh agus tugadh 'Mr. Modh Díreach' mar leasainm air. Rinneadh forbairt ar na hábhair seo i gcás an Mheánranga agus an Ardranga, *'which [were] also engaged in the study, literary and grammatical, of Irish texts'*.

Rinneadh staidéar ar *An Cruinneolaidhe, Donnabhó agus Sgeultaí eile* agus bhí an cúrsa filíochta bunaithe ar *An Fhuiseog* sa Mheánrang. Rinne lucht an Ardranga staidéar ar *Ceithearnach Uí Dhomhnaill, Stair-cheachta* agus *Sgeulaidhe Oirghiall*. Bhí an cúrsa filíochta bunaithe ar *An Fhuiseog* agus *Seachrán Cairn tSiadhail*. D'fhreastail na mic léinn ar ranganna rince agus ceoil chomh maith.

Bheadh obair bhaile le déanamh ag na mic léinn. Tá rian an Athar Lórcán Uí Mhuireadhaigh le brath san obair seo mar chuir sé féin an-bhéim ar chaidreamh idir na mic léinn agus muintir na háite:


'Home exercises are prescribed for all, and students are specially required to use these opportunities for conversing in Irish with the people of the district and to make notes of such conversations, which are afterwards examined by the teaching staff'.

Teistiúchán

Bhí dhá aidhm ag coláiste Gaeilge oifigiúil. Theastaigh uatha cumas an fhoghlaimeora i labhairt agus i scríobh na Gaeilge a fheabhsú agus scileanna i dteagasc na Gaeilge a chur ar na mic léinn chun go mbeidís in ann an teanga a theagasc sna scoileanna agus i gcraobhacha an Chonartha. Ach bheadh na haidhmeanna seo easnamhach gan aitheantas oifigiúil an Bhoird i bhfoirm teistiúcháin a bheith

ag na múinteoirí seo. Bhí teastas an Bhoird riachtanach chun go mbeadh cáilíochtaí oifigiúla ag na hoidí seo agus chun go n-íocfaí iad as an obair bhreise seo. Agus bheadh an coláiste thíos, ó thaobh airgid de, dá bharr.

Bhronn an coláiste teastas ar na mic léinn a shásaigh caighdeán scrúdaitheoirí an choláiste sa litríocht, sa chomhrá agus i dteagasc na Gaeilge: *‘The Middle and Senior Divisions take part in Practice lessons in teaching on the Direct Method, including criticism by individual students and professors’.*



Teastas a bronnadh ar Malláí Ní Fhionmagáin in 1918. Tá síniú Eoin Mhic Néill, Lorcáin Uí Mhuireadhaigh, Pheadair Uí Dhubhda agus an Athar Shéamus Uí Chuinn le féachaint air.

Cigireacht ar na hoidí

Bhí an Bord dáiríre faoin obair a leag sé amach do na coláistí. Theastaigh uaidh a chinntiú go raibh caighdeán scileanna teagaisc na n-oidí sásúil. Agus ná déantar dearmad go raibh airgead an Rialtais ag cothú na gcoláistí tríd an infheistíocht a rinne an Bord i dtionscnamh na gcoláistí Gaeilge. Níor éirigh le achan duine, áfach, teastas oifigiúil an Bhoird a ghnóthú. Tugann na sonraí seo a leanas le fios nár éirigh leis an oide, Róise Ní Shluáin.

Mrs Grant taught Irish during the school year 15/16 from 3/8/15 to end of June 1916. The Irish organiser inspected on 17.1.16 and noted
I Year Good all round: written work careful as far as it goes

II Year Severely weak
Conversation shaky, reading not fluent. No transcription yet. In justice to teacher it may be said the class is a dull one.

Fees were paid for 1 year only in the year 15/16.

The Irish classes were discontinued during the year 16/17. (Lessons were given up to 24/1/17 – they do not appear to have been successful.
On the whole the work done by the teacher can scarcely be called satisfactory.

J.M. Bradshaw
28.10.19

Clabhsúr

Níor chóir go mbeadh ionadh orainn go bhfuair an Ghaeilge a háit chuí ag croílár an churaclaim scoile nuair a ceapadh Eoin Mac Néill ina aire oideachais i Rialtas an tSaorstáit in 1921. Bheadh ar achan dalta scoile staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge. Is cinnte go bhfuil a gcuid tuairimí ag achan duine faoi fhiúntas an teagaisc sin ó shin agus an ról a ghlac modhanna a úsáideadh chun cuidiú leis an aos óg an teanga a fhoghlaim. Is ábhar cainte é sin do lá eile. Ach d’fhógair neamhspleáchas deireadh le ré na gcoláistí Gaeilge mar choláistí oiliúna. Ghlac na coláistí traenála leis an chúram seo. Lean Coláiste Bhríde lena obair go dtí gur druideadh a dhoirse in 1927. Ar ndóigh, bhí fáthanna eile le dúnadh an choláiste, bánú na Gaeilge i gceantar Óméith ina measc.

Níl a fhios againn go díreach líon na n-oidí scoile a fuair a gcuid oiliúna in Óméith. Níl na cáipéisí oifigiúla ann níos mó, i gcomparáid leis an eolas atá againn faoi Choláiste Chonnacht. Meastar gur fhreastail míle mac léinn ar Thuar Mhic Éadaigh idir 1905 agu 1921. Meastar freisean gur fhreastail breis agus 1,500 ar an choláiste sa Spidéal. Níl ach uimhreacha fanacha againn faoin mhéid a d’fhreastail ar Óméith idir 1912 agus 1927. De réir na rollaí atá againn bhí tuairim agus 75 ann in 1912; 36 in 1913; 80 in 1918 agus 44 in 1919.

Cibé scéal é, fágfar an focal scoir ag Lorcán Ó Muireadhaigh, a rinne obair na gcapall i gColáiste Bhríde in Óméith agus níos déanaí i Rann na Feirste. Scríobh sé an méid seo a leanas in *An tUltach* agus é ag meabhrú ar Eoin Mac Néil agus ar a chomhbhádóirí i gColáiste Óméith agus iad i mbun oiliúna a chur ar an mheitheal nua de mhúinteoirí a bheadh ag dul amach chun an Ghaeilge a theagasc i scoileanna an oirthuasicirt:

‘Ón méid bheag scoláire a bhí ann ar an chéad bhliadhain – tuairim ‘s dá scór – go dtí an sluaighe a bhí ann ‘s na bhliadhantaí 1920 agus 1921 – an uair a bhí os cionn ceithre céad ann – ba iontach mar d’éirigh leis. A oireamhnaigh ‘s a bhí an áit, a dheiseacht bhí an tír móir-thimcheall, an módh na múinteorachta ‘s a dhutrachtaighe ‘s oibrigh na h-Ollamhna fa ndear do’n dul-ar-aghaidh mór sin’.



Imeachtaí in Óméith agus i Leabharlann an Iúir a bhain le Coláiste Bhríde



Denis Caulfield Brady (1802/3-1886)

le Seamus Lavery



Denis Brady was born around 1802/3, a son of Thomas Brady and Rose Brady (née Caulfield). Thomas was a Spirit Merchant and dealer in whiskey¹ and Rose was the sister of the famous Newry Merchant Denis Caulfield. Both sides of the family represented the aspiring middle class who looked for accommodation and reform within the British State. Thomas Brady and Dennis Caulfield, both signed the Catholic Qualification Oath, appearing at Downpatrick on 24th October 1793 to do so.² The Qualification oath represented an oath of allegiance to the Georgian Monarchy ruling in Britain and Ireland at the time. Both also signed the County Armagh resolutions in favour of discussing the Irish Act of Union in 1800.³ Denis Brady had an inauspicious start in life, his father and mother died when he was still relatively young, Thomas in 1814 and Rose the following year. His heartbreak was further compounded by the loss of his two younger brothers Patrick and John, in 1819 and 1821 respectively.⁴ From records it appears he had a least one remaining younger sibling, a sister Rose⁵ and an older brother Daniel who both lived into adulthood.⁶ Little is

known about how Denis and his siblings managed in these years, but it is quite possible that they received assistance from their mother's side of the family, namely the Caulfields & Maguires. Dennis Caulfield would pass away in 1819, and the inheritance he passed on to his two namesake nephews Denis Brady and Denis Maguire enabled both families to live relatively comfortably. The property acquired included various local townlands and the two local distilleries, one in Monaghan Street and the other on the Dublin Road. Around this time Denis began to be referred to as Denis Caulfield Brady, possibly out of deference to his uncle Dennis or maybe even out of a wish to be associated with the Earls of Charlemont, liberal Protestants whose surname was also Caulfield. The Caulfield inheritance enabled Denis to have a very respectable education at Trinity College Dublin, one useful for making a career in both politics and business.⁷ By the mid 1820's Denis was in his early 20's and the demand for Catholic Emancipation was ascendant at this time under the direction of the soon to be liberator Daniel O'Connell. Denis can be found officiating as Secretary at various Catholic political meetings in Dublin,⁸ and in 1829 he started to appear in the local Catholic political scene of Newry.⁹ After the Emancipation Act was passed in 1829, it was now possible for Catholics to become MPs at Westminster. Denis Maguire would contest the borough of Newry in the Liberal interest with the support of his cousin, against the conservative John Henry Knox in 1831; and again in 1832 against the Whig Lord Arthur Hill, both times unsuccessfully. In 1835 Denis Brady would contest the borough as a radical reformer against the conservative Sir Thomas Staples Bart. Brady would win the contest becoming the first Catholic to represent any borough in Ulster since the reign of James II,¹⁰ an event that would not be repeated again until Charles Joseph Fay was elected

¹ Belfast Commercial Chronicle - Saturday 21 January 1809, p1

² <http://census.nationalarchives.ie/search/cq/home.jsp> Search Surname for Brady & Caulfield; accessed 14/06/2023, Index to Catholic Qualification Rolls wrongly states the Oath was taken in Newry

³ Freeman's Journal, Sat, Jan 11, 1800, Page 3

⁴ RSJ Clarke, Old Families of Newry & District from Gravestone Inscriptions, Wills and Biographical Notes, p137

⁵ Belfast News-Letter - Wednesday 02 April 1879, p1; *She had married a first cousin Constantine Maguire, see, Newry Telegraph - Tuesday 19 June 1838, p3*

⁶ RSJ Clarke, Old Families of Newry & District from Gravestone Inscriptions, Wills and Biographical Notes, p137

⁷ Walford, Edward (1869). *The County Families of the United Kingdom*. R. Hardwicke. p. 120; Google Books, accessed 14/06/2023

⁸ Dublin Morning Register - Friday 12 November 1824, p1 & Monday 21 February 1825, p1

⁹ Dublin Evening Post - Thursday 22 January 1829, p4

¹⁰ B. M. Walker, 'Parliamentary Election Results In Ireland, 1801-1922, (Dublin, Royal Irish Academy), pp234 & 307

As iver the beck enn brings wi’ hit gyely welcum chansts fer adults tae gae tae nicht clesses in a wheen o’ differ pas’tims an’ subjects (wi’ clesses in the daytim’ fer thaim fit tae gae). The yeir the toon haes a clatter o’ differ Airish leid clesses an’ venues at havnae been seen sine the early days o’ the Gaelic League aa the stairt o’ the las’ century. The yeir yinst agin the lang rinnin an’ reliable U3A clesses ir a hybrid o’ live an’ oanline proveesion an’ ir fer caterin fer the Ardrang 10.30 – 12.00 ivry Tuesday (live in the aul Abbey biggin), quyhles the Bunrang 9.45 – 10.45, folloed bae the Meánrang 11.00 – 12.30, oanline ivry Thursday. Yinst agin the GAA baes joinin’ the providers wi’ Tomás Davis CLG an’ Cumann N. Eoin Bosco offerain clesses acroass the fu’ range o’ abilities, (leuk aa thair differ Facebook pages fer mair wittens). The Catholic Workingmen’s Club, Hill Street, Newry ir pittin oan clesses fer aa abilities. Oan accoont o’ aa o’ thon thaire ir chansts fer adults tae uise differ venues sae thaire shud bae a fresh impetus tae gae beck tae Airish fer thaim at hae lapsed fae gaen tae clesses.

Langside aa the daeins leeted abeen Newry Gaelic League/Craobh an Iúir at haes pit oan /Airish clesses in the toon wi’oot fail sine 18&97 wul stairt hit’s ain term in the sennicht stairtin oan 25th Sictimmer. Thon baes a tradeetional date at alloos the brench tae tak’ pairt in Oíche Chultúir/Culture Nicht, (22 Sictimmer). Thon suite o’ clesses baes hel’ live in the Apper Chapel Street Gaeláras an’ covers the early lairners curn wi’ Peadar O’ hEochaidh, the Laigher Meánrang wi’ Séamus MacDhaidhéid, the heigher Meánrang wi’ Gearóid MacDhaibhéid an’ the weil laiked Ardrang wi’ Muiris MacDhaidhéid. Mair daytime hefts fer thaim registered in the heigher Meánrang cless wul bae set ap tae heft lairners tae mak’ ready fer Fáinne Oir. Oor “Faigh Fainne – Caith Fáinne” programme baes weill laiked baith aa hame an’ owreseas. A popular new maide pairt o’ the yeir’s programme baes a sax pairt introduction tae Airish modulet a bae gien bae Dr. Niall Comer. Thon baes a new cless o’ coorse maide fer thaim at ir new tae Airish, an shud heft lessons fer oot an’ oot beginners at tak place in ither venues. The five Newry Gaelic League tutors hae been teachin’ Airish fer mair nor 200 yeirs atween thaim an ir sarious gled at the mantle o’ teachin’ wul bae shaired , an’ at the ris’ in the nummer o’ venues fer classes in the toon.

Aa wittens o’ Craobh an Iúir clesses ir oan the Gaeláras Facebook page an’ mair wittens aboot Oiche Chultúir can bae gat fae gaelarsmhicardghail@gmail.com

Eiseamláirí na Gaeilge





GAEIL OIRIALLA AG ULLMHÚ d'ÉIRE NUA



GAEIL AN CHEANTAIR





Picture by Fabian Boyle. © Gaeláras Social History Archive

Reilig Naomh Muire – Taisce an Iúir

leis an Dr. Niall Comer

Ar do bhealach soir go Rinn Mhic Giolla Rua i mBaile Fearainn Bhaile na gCreag agus díreach trasna an bhealaigh mhóir ó Pháirc Esler, tá ceann de na reiligí is suntasaí agus is tábhachtaí i stair cheantar an Iúir suite – Reilig Naomh Muire.

Leis an scéal iomlán a chíoradh agus leis an tábhacht a bhaineann le cuid de na daoine atá curtha sa reilig a thuiscint mar is ceart, ní mór dúinn dul siar go dtí lár an 18ú haois in Éirinn. In ainneoin go raibh na Péindlíthe go fóill i bhfeidhm, is léir nach raibh siad chomh dian sin in Oirthuaisceart na hÉireann. Deirtear gur bhain sé seo leis an líon Caitliceach a bhí réasúnta saibhir agus a bhí ag plé le cúrsaí trádála ag an am. Baile mór poirt a bhí san Iúr, baile a raibh teacht éasca go leor ag longa trádála air. Chomh maith leis sin nuair a tógadh Canáil an Iúir i 1742, le Muir Éireann a nascadh le gualcheantar Thír Eoghain, is amhlaidh gur tháinig bláth agus forbairt ar an Iúr féin.

Ba sa chomhthéacs stairiúil seo sa bhliain 1789 a tógadh Teach Pobail Naomh Muire, nó *The Old Chapel*, mar a thugtar air go háitiúil agus tá go leor de na daoine is cáiliúla agus is mó tábhacht i bhforbairt an Iúir curtha sa reilig in aice leis.

Sula raibh aon trácht ar an Teach Pobail mar atá anois, bhíodh seanteach pobail in úsáid ag Caitlicigh an bhaile agus tá fothracha an fhoirgnimh chéanna go fóill le feiceáil. Is dóigh liom gurb é an tEaspag Anthony O’Garvey (1747 – 1766) an duine is túisce a cheanglaítear leis an tréimhse luath seo. Cuireadh oiliúint air i bPáras na Fraince sular fhill sé ar Éirinn le freastal ar a mhuintir féin. Bhí an chathaoir easpaig folamh ar feadh breis agus 30 bliain sular ceapadh O’Garvey agus b’fhéidir gur léiriú eile é seo gur mhothaigh Caitlicigh rud beag níos sábháilte faoi lár an 18ú haois sa cheantar. Ina ainneoin sin, bhí O’Garvey ina chónaí in Achadh na gCon i nDroichead Mhaigh Eo agus is ann a d’fhan sé ar mhaithe lena shábháilteacht féin. Thóg sé tuama teaghlaigh (le feiceáil thíos) agus is ann atá sé féin curtha. Is cosúil gurbh eisean a bhí freagrach as roinnt mhaith tithe aifrinne a thógáil, go háirithe an teach aifrinne i gCluain Dalláin. Cé gur ceapadh beirt easpag eile i ndiaidh a chéile tar éis bhás O’Garvey (Denis Maguire 1767-1770 agus Patrick Brady 1770 – 1780) ní cosúil gur fhág siad a lorg chomh mór sin ar an cheantar.

Ba é an tEaspag Matthew Lennon (1780 – 1801), atá curtha faoin urlár i Séipéal Naomh Muire agus a bhfuil plaic chuimhneacháin in ómós dó ar an bhalla, a thionscain an obair ar an Teach Pobail nua agus osclaíodh é sa bhliain 1789. Is spéisiúil gurbh é Clog Naomh Brónach a bhíodh in úsáid mar chlog ann ag an tús. Deirtear sa tseanchas gur cuireadh an clog i bhfolach i gcrann i Ros Treabhair le linn ionsaithe na Lochlannach. Thángthas arís air sa bhliain 1782 nuair a leagadh crann i ndiaidh stoirme. Tá an clog anois i Séipéal Réalt na Mara i Ros Treabhair.

Idir an dá linn, tógadh scoil do Chaitlicigh sa bhliain 1802 os comhair an tséipéil ar thailte Mount St. Patrick (agus tiocfaidh muid ar ais chuige seo go luath), agus bhíodh suas le 200 scoláire ag freastal uirthi, mar scoil. Faoin bhliain 1826, bhíothas ag cur léinn áirithe ar 240 scoláire, chomh maith le printíseachtaí.

Bhí sé mar ‘Mháthair-Eaglais’ an pharóiste ar feadh 40 bliain ach de réir a chéile agus líon na gCaitliceach ar an bhaile ag fás, ba léir go mbeadh foirgneamh eile de dhíth. Sa bhliain 1823, cuireadh tús leis an obair ar Ard-Eaglais an Iúir agus osclaíodh í sin, mar Ard-Eaglais, sa bhliain 1829, an bhliain ina bhfuair Caitlicigh na hÉireann Fuascailt oifigiúil den chéad uair ó na Péindlíthe. Ba é an t-ailtire cáiliúil, Thomas Duff (1792 – 1848), atá curtha sa reilig chomh maith (pic thíos) a fostaíodh leis an obair a dhéanamh ar an Ard-Eaglais nua seo. Bhí lámh ag Duff i gcuid mhór eaglaisí agus séipéal ar fud na hÉireann agus dúradh an méid seo i leith Ard-Eaglais an Iúir:

"This edifice may be ranked among the finest public buildings in Ireland and is another enduring monument of the genius of Mr. Duff, who has studded the north of the kingdom, as it were, with evidence of his own ability, and of the good sense of his countrymen in employing a native artist."

Cé go bhfuil sé soiléir go raibh tionchar láidir ag an Easpag Lennon ar fhorbairtí an bhaile ó thaobh an chreidimh agus an léinn de, is dóigh liom gurbh é an tEaspag Michael Blake ba mhó a d’imir tionchar ar chúrsaí léinn ar an Iúr le linn na tréimhse seo. Chaith sé beagnach 28 bliain mar Easpag ar an Droim Mhór sa 19ú haois agus tá an oidhreacht a d’fhág sé ar an bhaile sa táin. Ní amháin gurbh eisean a bhí freagrach sa Teach an Easpaig agus Scoil Naomh Colmáin ach is eisean a thug na Bráithre Críostaí agus Siúracha na Trócaire chun an bhaile. Rugadh Michael Blake i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1775 go ndeachaigh isteach sa nóibhíseacht sa Choláiste Éireannach sa Róimh agus é 17 mbliana d’aois. Oirníodh i mBaile Átha Cliath i 1799 é agus chaith sé cúpla bliain mar shagart paróiste i mBaile Átha Cliath sular fhill sé ar an Róimh gur thug sé faoi athchóiriú a dhéanamh ar an Choláiste Éireannach ann. Chaith sé 1826 to 1829 mar Reachtaire ar an Choláiste Umbaireach i mBaile Átha Cliath agus ba le linn dó a bheith sa chathaoir chéanna a chonaic sé lena shúile cinn an bhochtaineacht, an ainnise agus an t-anó a bhí thart air. Chomh maith leis sin, áfach, chonaic sé an obair a bhí ar bun ag Siúracha na Trócaire agus na Bráithre Críostaí agus ba dhlúthchairde leis iad bunaitheoirí na nOrd seo, eadhon, Catherine McAuley agus Edmund Rice. Chuir an cairdeas seo cor i gcinniúint an Iúir a mhaireann go dtí an lá inniu.

Nuair a d’éag an Dr James Kelly – a fear a thug na Cláiríní (nó Siúracha Bochta San Clár) chun an Iúir in 1830 – ceapadh Blake mar chomharba air. Sa bhliain 1851, agus é ag cuimhneamh ar an tionchar a bhí acu ar bhochtáin Bhaile Átha Cliath, thug sé na Bráithre Críostaí chun an Iúir den chéad uair, agus go Sráid an tSéipéil. An Bráthair Peter Scannell agus an Bráthair Vincent McDonnell an bheirt a tháinig agus níorbh fhada go raibh siad ag obair ar son Chaitlicigh óga bhochta an Iúir. Luaigh mé roimhe an scoil a tógadh in 1802 os comhair Shéipéal Naomh Muire – is ann a bhunaigh na Bráithre an chéad scoil s’acu féin. Chuireadh siad bricfeasta ar fáil do bhreis agus 100 páiste ón bhaile agus ba é an tEaspag Blake a d’íoc as. Fuair an Bráthair McDonnell bás dhá bhliain i ndiaidh dó teacht chun an Iúir ach lean An Bráthair Scannell ar aghaidh leis an scoil. Mar thoradh ar an rath a bhí ar an scoil chéanna, bhí ar a chomharba féin, An Bráthair Francis Clifford, an scoil a leathnú amach. Thug ceannaí gránaigh, Felix O’Hagan, suíomh dó ar Shráid Margaret le teach scoile nua a thógáil. Bhí an foirgneamh nua réidh in 1865 agus tugadh “The Red School” nó “The Carstands” air, foirgneamh dhá urláir ach chomh maith leis sin, bhíothas in ann an foirgneamh ar Shráid an tSéipéil a úsáid mar lóistín do na Bráithre. D’fhéadfaí a rá, go bhfuil an foirgneamh seo mar bhunchloch Scoil na Mainistreach, scoil a bhfuil clú agus cáil uirthi anois ní amháin ar an Iúr ach ar fud na hÉireann.

Mar atá luaite agam cheana féin, níorbh iad na Bráithre amháin a d’imir tionchar ollmhór ar fhorbairt an léinn ar an Iúr. Nuair a ghlac Siúracha na Trócaire cuireadh chun an Iúir in 1855, chuaigh siad a chónaí i dTeach Mór Ogle ar Shráid na Canála (teach a leagadh le gairid, agus ba choir in aghaidh stair an Iúir a bhí ann). D’oscail na Siúracha neachtlann do chailíní óga an bhaile agus tearmann dóibh siúd a bhí gan dideán. In 1858, d’oscail siad dílleachtlann ar Shráid na Canála aus nuair a bhog siad isteach go dtí an Clochar ar Sráid Catherine, rinneadh Teach Trócaire agus dílleachtlann do Theach Mór Ogle.

Faoin lár an 19ú haois, bhí an tEaspag Blake ag dul anonn in aois. Ceapadh John Leahy le cuidiú leis agus nuair a fuair An tEaspag Blake bás ar an 6 Márta 1860, agus é 85 bliain d’aois, ceapadh Leahy ina áit. Tá An tEaspag Blake curtha i Reilig Naomh Muire agus b’fhiú dóibh siúd a bhfuil spéis acu i stair na cléire (agus i bhforbairt an Iúir) siúl síos ‘Bishop’s Walk’ sa reilig chéanna. Lean Leahy ar aghaidh le hobair Blake. Osclaíodh Scoil Náisiúnta faoi choimirce Shiúracha na Trócaire in 1869 agus dhá bhliain ina dhiaidh sin, mhol Leahy go n-osclófaí scoil eile. Bhí an méid seo le rá aige: Leahy “wishing that the respectable Catholics of the town should have no pretext for sending their children to the Model School”. Ceadaiódh sé seo sa deireadh agus in 1887 osclaíodh scoil nua ‘idirmheánach’ – Scoil na Maighdine Muire mar atá anois. Is léir gur thuig Leahy oidhreacht Blake agus toisc gur Dhoiminiceánach a bhí ann féin, thug sé cuireadh in 1871 d’Ord na nDoiminiceánach teacht chun an Iúir. Tháinig triúr den Ord chun an bhaile an bhliain seo gur chónaigh siad ar dtús in Hyde Market (Páirc Naomh Colmáin anois) ach ina dhiaidh sin, fuair siad teach ar Shráid an tSéipéil Uachtarach – The Hermitage – ach thug siad ainm nua air “Priory House”. (D’fhéadfaí agus ba chóir alt faoi leith a scríobh faoi Priory House)

Chaith siad beagnach ceithre bliana ansin agus iad ag seanmóireacht i Séipéal Naomh Muire go dtí gur tógadh séipéal dá gcuid féin ar Queen Street – Sráid na nDoiminiceánach anois.

D’fhéadfaí leabhar iomlán a líonadh le heolas fúthu siúd atá faoi chré na cille i Reilig Naomh Muire agus níl agam anseo ach iarracht an tionchar a bhí ag pearsantachtaí móra ón 19ú haois ar fhorbairt an bhaile chlúitigh stairiúil seo a léiriú.



Mná agus Cailíní ón Iúr



Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive

Newry Amateur Band

le Ryan Hogan

“Newry people loved to parade up and down the main street at night. It was an old Irish custom, dating from the introduction of footpaths”, a dúradh fá mhuintir an Iúir tráth. Duine anaithnid a dúirt an méid sin, ach duine a raibh cur amach acu ar nósanna mhuintir an Iúir agus spiorad Gaelach an phobail, dar liom. Agus cé nach le mo linnse a bhíodh siad i mbarr a réime, mheasfainn gurbh iad an Newry Amateur Brass and Reed Band eiseamláir an chultúir Éireannaigh fán dúiche seo.

Bunaíodh Banna Práis agus Feaga an Iúir sa bhliain 1949 faoi stiúir an Uasail Thomas Mulligan. Dálta bannaí ceoil eile a raibh gealladh fúthu, ba mhinic iad i bhfiacha de dheasca róchaiteachais agus easpa ioncaim. Mar sin féin, thug siad orthu bheith ag obair as lámha a chéile go dian dícheallach, agus faoi dheireadh tháinig siad slán, ainneoin na n-ainneoin. Ceannach na n-uirlisí ceoil ba mhó a chuir brú orthu ó thaobh airgid de. Ar a ndícheall a bhí siad na costais chéanna a sháru, agus d'éirigh leo. Reáchtáil siad damhsaí, d'aimsigh siad foinsí airgid agus dhíol siad píosaí dá gcuid ceoil go dtí go raibh a ndóthain airgid acu. Agus na fiacha nach mór glanta acu, chinn siad go rachadh siad sa seans lena raibh d'fhiacha fágtha a ghlanadh faoi dheireadh is faoi dheoidh agus imeacht ollmhór a reáchtáil in Iúr Cinn Trá. ‘*Monster Sports Meeting*’ an t-imeacht a cheap siad, agus mheall siad lúthchleasaithe den chéad scoth ó ollscoileanna i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste, Gaillimh agus Corcaigh, chomh maith le daoine eile a bhí i mbéal an phobail i dtrátha an ama seo. Ba go geal a d'éirigh leo. Bhí an pháirc lán go geata agus cúrsaí airgeadais an bhanna thar a bheith sláintiúil dá thairbhe.

Tamall de bhlianta i ndiaidh bhunú an bhanna, tháinig Christy Loy ar bord mar stiúrthóir. Bhí Loy mar chomharba ar Tommy Mulligan. Níorbh fhada gur tháinig Eddie Campbell i gcomharbas ar Loy.

Go luath sna 1950aidí, bhí corradh beag le 15 duine páirteach sa bhanna a bhí ag cleachtadh ceoil cúpla uair in aghaidh na seachtaine. Bhí meascán mór d'aoiseanna i measc bhaill an bhanna, agus go deimhin ba mhinic fógraí eisithe sna meáin áitiúla ag impí ar dhaoine a raibh 16 bliana slánaithe acu teacht ar bord. Caithfidh sé gur tharla amhlaidh nó cheannaigh siad mionbhus i lár na gcaogaidí, an t-aon bhanna ceoil sna Sé Chontae (taobh amuigh de Bhéal Feirste) a raibh modh iompair dá gcuid féin acu. D'éascaigh sé seo taisteal go himeachtaí ceoil agus ar ais. Bhí go maith agus ní raibh go holc le linn na tréimhse seo. Mionbhus dá gcuid féin acu, fuil úr ar bord agus ina mbaill den bhanna agus ceanncheathrú ag Halla Naomh Colmáin – áit eile a bhí aitheanta maidir le stair an Iúir. Ach sin scéal do lá eile.





Promoting the musical and linguistic heritage of Oiriall



Mistéiligh an Iúir



Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive





Máiréad Comer - Conraitheoir

Séamus Mac Dhaibhéid

Tharla ar chúrsa Gàidhlig mé ins an Eilean Sgitheanach nuair a tháinig an nuacht bhrónach fríd go bhfuair Máiréad Comer bás. Bhí a fhios agam nach raibh Máiréad ar fónamh le tamalt anuas agus go raibh an chlann ag tabhairt aire di. Ba mháthair ionúin í – tacúil, tuisceanach, grámhar agus ar bhealach ba í máthair na Craoibhe í fosta. Mar chaith Máiréad na blianta ag cabhrú le Craobh an Iúir – mar neach léinn, mar choisteoir, mar eagraí agus go speisialta mar mhúinteoir. Tráth dá raibh bhí sé simplí a bheith ag feidhmiú mar Chraobh de Chomhaltas Uladh. Deireadh Seán Ó Labhra (nach maireann) go raibh ar gach Craobh cúig rud a dhéanamh: an cíos comhair a íoc, ‘An tUltach’ a ordú, an Bailiúchán a thógáil, Gaeilge chúige Uladh a chur chun tosaigh agus ranganna rialta a chur ar fáil. Ba mhinic Máiréad i gcomhlúadar deirfiúr léi, an tSiúr Joan, agus chomhlíon siad beirt go paiteanta na dualgais a leag an Labhrach síos. Bhí siad fial lena gcuid ama agus lena gcuid maoin. Níor tháinig siad chuig ócáidí gan brioscaí, bonnóga ná bronntanais. Agus thaitin ócáidí leo – chothaigh siad *esprit de corps* agus sholáthraigh siad gné shóisialta do chlár oibre na Craoibhe.



Imeachtaí: Léacht ar Pheadar Ó Dubhda i nDún Dealgan;
Oíche na Long Kesh Ramblers i gClub na Seamróga; agus
Lá Idirnáisiúnta na nOibrithe i lár an Iúir.



Bhí Craobh an Iúir lárnach i saol Mháiréad mar ba Iúrach agus ba Chonraitheoir go smior í. Ba shaineolaí í ar sheanchas an Iúir, ar chúlra na McAteers agus ar stair na hEaglaise Chaitlicí sna bólaí seo. Bhí sí bródúil as a dúchas agus spreag sí daoine eile chun líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge agus chun cúraimí a ghlacadh mar bhaill Chraoibhe. Sna blianta roimh Covid, bhí Máiréad mar bhall dílis d’ardrang Mhuiris Mhic Dhaibhéid. Tosaíonn rang Mhuiris ar a 7.00pm ach bhíodh Máiréad ann ar 6.30pm agus í ag comhrá le daoine eile agus ag ullmhú ceistanna deacra don mhúinteoir. Go minic bhíodh féirín aici do chartlann an Ghaelárais. Bhí Máiréad i gcónaí fiosrach, géarchúiseach, cuideachtúil. Lá an Bhailiúcháin bhíodh sí feiceálach

flaithiúil. Agus bhíodh baicle d’uaisle ina cuideachta, mná a bhformhór, a bhí lán chomh díograiseach iontaofa tiomanta léi. Bhí an t-ádh ar Mháiréad ar an ábhar go raibh aithne aici ar Tom Mc Ardle agus ar an Br Beau. D’fhoghlaim sí uathu. Agus bhí comhbhádaóirí fíorchumasacha aici, Róisín Bn Mhic Thréinfhir, Maureen Patterson, Phyllis Duffy, Treasa Mhic Aoidh Bhuí agus Ursula Bn Mhic a’ tSaoir i measc díograiseoirí eile.



Is pléisiúir agus is pribhléid é rang Gaeilge a theagasc ar son Chonradh na Gaeilge, go háirithe i gcomhthéacs an Tuaiscirt, obair dheonach thábhachtach atá i gceist agus tá toradh na hoibre sin le feiceáil. Lá ar bith i lár an bhaile, buaifidh tú le duine a bhfuil Gaeilge acu. Ní mar sin a bhí rudaí nuair a chéad léirigh Máiréad suim sa teanga agus ní mór dúinn a bheith buíoch dá macasamhail as a bhfuil bainte amach acu. Thóg siad meanma daoine agus d’fhág siad rian. Is Gaelaí an tIúir agus an tír de bharr a saothair agus ní beag an gaisce é sin.



Gaeil uaisle Oiriaila –

lucht Chomhaltas Uladh in Óméith agus crainn taca Fheis an Iúir



Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive



Páistí an Iúir *Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive*



Naíscóil an Iúir agus Scoil Rince Eileen Rooney



Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive



Píobairí an cheantair – Thomas Davis agus Altnaveigh



Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive



ON THE PICKET LINE Photographs courtesy of Gaeláras Social History Archive



Oibrithe an Iúir – delivering for Newry (Gaeláras Social History Archive)



Cothrom na Féinne

A fair day's work for a fair day's pay



Súil siar - members of health workers' unions on strike (Gaeláras Social History Archive)



Photographs from Gaeláras Social History Archive



Stair ár linne (Gaeláras Social History Archive)



Buaicphointí na bliana – Fáinní Óir, Féile Scoil drámaíochta agus Omniplex lán



Fiontraíocht trí Ghaeilge faoi bhláth i gceantar an Iúir

Tá líon na bpost a bhfuil an Ghaeilge mar riachtanas ann ardaithe go suntasach le roinnt blianta anuas. Leis an mhéadú i líon na n-eagraíochtaí Gaeilge atá ag obair leis an Ghaeilge a chur chun cinn, an t-éileamh atá ar mhúinteoirí Gaeilge agus na deiseanna atá ag teacht aníos le linn na hama sna meáin Ghaeilge, is iomaí duine anois atá ag cruthú slí beatha dóibh féin trí mheán na Gaeilge.

Ar bharr iad siúd atá ag obair mar fhostaithe leis an Ghaeilge, tá go leor daoine eile atá i mbun oibre i gceantar an Iúir ag obair ar bhonn féin-fhostaithe nó atá i ndiaidh a ngnólachtaí féin a thosú. Bíodh sé go mbaineann an obair le cur chun cinn na teanga, bheith ag obair trí mheán na Gaeilge nó meascán den dhá rud, tá an oiread sin deiseanna agus roghanna do Ghaeilgeoirí le gairm a chruthú dóibh féin leis an Ghaeilge lárnach ann.

Tá neart taighde a léiríonn gur buntáistí í an Ghaeilge i gcúrsaí gnó. De réir taighde a rinne Conradh na Gaeilge in 2015 creideann 53% den daonra ó dheas agus 46% den daonra ó thuaidh gur féidir leis an Ghaeilge cur go dearfach le forbairt eacnamaíochta an oileáin. Léiríodh fosta gur gnéithe uathúil díolachán í an Ghaeilge agus go mbeadh fonn ag daoine earraí nó seirbhísí Gaeilge a cheannach agus an deis acu thar na hearraí nó seirbhísí céanna trí Bhéarla amháin.

Leis an fhianaise seo agus le tacaíochtaí anois ar fáil óna leithéidí d'Fhoras na Gaeilge tríd an Scéim Tacaíochta Gnó, an scéim aitheantas 'GRADAM Gnó na hÉireann' atá á reáchtáil ag Glór na nGael, tá sé ag éirí níos fusa agus níos coitianta d'fhiontraí a gnólachtaí a oscailt agus a reáchtáil trí Ghaeilge, cibé áit ina bhfuil siad lonnaithe sa tír.



Mar sin, idir fás na teanga agus an nós le bheith ag obair ó chian, tá deiseanna dochreidte ann. Is féidir bheith ag obair leis an Ghaeilge ar bhonn náisiúnta ó Iúr Chinn Trá chomh furasta agus a bheadh aon áit eile. Is buntáiste iontach é bheith lonnaithe in Iúr Chinn Trá, áit gur féidir freastal go furasta ar ócáidí agus ar chruinnithe i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath nó aon áit sa tír gan mórán stró. Agus, dár ndóigh, tá sé níos fusa anois ná riamh nascadh isteach ar chruinnithe agus an úsáid mhór a dhéantar as teicneolaíocht sa lá atá inniu ann.

Mar shampla de sin, bunaíodh Cinnteacht sa bhliain 2017 le seirbhísí

sainchomhairleoireachta a chur ar fáil d'eagraíochtaí in earnáil na Gaeilge agus do ghrúpaí pobal a bhfuil sé de sprioc acu an Ghaeilge a chur chun cinn. I measc na seirbhísí a chuireann Cinnteacht ar fáil, tá pleanáil teanga, pleanáil straitéiseach, aistriúchán agus taighde.

Bunaíodh an gnó, a oibríonn le heagraíochtaí Gaeilge fud fad na tíre, mar gheall ar an iliomad deiseanna atá ag teacht aníos le tacú le heagraíochtaí agus an obair atá idir lámha acu ag fás i gcónaí.

Ní ach sampla beag é seo den obair atá ar siúl ag Gaeilgeoirí an cheantair leis an teanga. Is iomaí duine againn a chaitheann t-léinte ó Smig Smig ó Louise Smith, a ólann cupáin tae a rinneadh ag Míle Fáilte le Doiminic Ó Brolcháin, a thóg rang le Neart Pilates ag Daria Ní Fhaoláin, a bhaineann sult as bonnóga deasa ó Hello Sweetness nó a cheannaigh earraí galánta Gaeilge ó Bhóin Dé le Ciara Nic Aodha. Ar bharr sin is iomaí duine sa cheantar atá ag obair sna meáin Ghaeilge agus dhá chomhlacht leiriúcháin teilifís lonnaithe sa bhaile: Zoogon agus Big Mountain.

Mar sin, agus daoine óga ar scoil ag smaoineamh ar na deiseanna agus na slite beatha atá ar fáil dóibh i ndiaidh na scoile, nó d'aon duine ar mhaith leo tabhairt faoi dhúshlán úr ina saol gairmiúil féin, tá deiseanna leathan ann an Ghaeilge a chur ag croílár do chuid oibre.

In ainneoin na ndúshlán a thagann le gnó ar bith a thosú, is léir go bhfuil fonn, spreagadh agus samhlaíocht ag Gaeil an Iúir tabhairt faoin dúshlán agus rudaí úra éagsúla a thriail.

Ursula Ní Shabhaois





Lá galánta le Séamas sa Ghaeláras





Laethanta dár saol



Uaisle Oirialla – An Traidisiún Beo





Hereford United, Stiofán Loughran Sports Archive, held in Gaeláras Mhic Ardghail



Oration given by John Orr, direct descendant of William Orr, executed in 1797 and whose memory led to the rallying cry "*Remember Orr!*" in 1798.

Tom Dunne – Peasant Patriot

John Mc Cavitt

This year marks the 225th anniversary of the 1798 rebellion. A number of events to commemorate this hugely important event in Irish history are occurring around the country. Dying as a result of a flogging on 2nd August 1798, aged 62, the annual observance of the death of Rostrevor hedge school master and United Irishman, Tom Dunn, will have added significance. It almost coincides with the unveiling of a six-foot bronze statue of him, as well as interpretive panelling and associated walking trail, on 17th September. This is the culmination of years of planning by a group called “the Tom Dunn Project”.

The erection of a statue to Dunn’s memory is the primary and finite aim of the project group. The intention was to complement the work of the Tom Dunn Society, led by Siubhán Ó Dubháin, that has championed his memory over the decades.

Tom Dunn was a hedge school master in the first instance. A penal law decreed that “no person of the popish religion shall publicly or in private houses teach school, or instruct youth in learning” on pain of a £20 fine and three-month imprisonment for each offence.ⁱ As a result, hedge schools were run secretly, sometimes in a barn or someone’s parlour, or even behind a row of hedges, which is how they got their name. Local tradition asserts that Tom Dunn taught in his barn.

According to folklore, Dunn taught Maths, reading, writing and grammar in English and Irish, along with Latin and History. The children were given a rich understanding of ancient Greek and Latin civilisation, and learnt of the great heroes, the Gods and Goddesses and of their heroic feats.

Siubhán Ó Dubháin, Artistic Director of the Tom Dunn Society, is the proud owner of the books used by Tom Dunn in his classes. According to family lore, they were passed on to the Fegans, hedge school masters, and are now currently in her possession. Some hedge schools were interdenominational.ⁱⁱ According to Michael George Crawford, Tom Dunn married “Miss Valentine”, a Presbyterian from County Tyrone. They had eight children, one daughter and seven sons.ⁱⁱⁱ

Tom Dunn, however, was not flogged in Rostrevor because he was a hedge school master, rather it was for his role as a United Irishman. A previous edition of Cuisle na nGael carried a short article about Wolfe Tone’s two visits to Rostrevor in 1792.^{iv} Research since then helps to contextualise them further. According to tradition Dunn was inspired by Tone as well as Thomas Paine’s “Rights of Man”.

Tone travelled widely to promote membership of the United Irishmen. Locally, he attempted to calm sectarian tensions in the Rathfriland area. Instead of division he was seeking to unite Catholic, Protestant (Church of Ireland) and Dissenter (Presbyterian).^v

Wolfe Tone visited Rostrevor twice in August 1792. Of his first visit he wrote, “after-dinner ride to Rostrevor along the shore. Beautiful! Mourne, the sea etc. Sit up very late and talk treason.” Of his return journey later that month, he remarked, “Ride to Rosstrevor, more and more in love with it!” He dined with thirty people, “many of them

protestant”, i.e. Church of Ireland, at Arnos Vale, where Thomas Mercer resided. Grace was said by Dr Boyle Moody, Presbyterian minister in Newry.^{vi} A Newry man too, Mercer was a wealthy merchant with business interests in India. He was captain of a ship when he was just eighteen. He returned to Ireland having amassed a fortune, £60,000.^{vii} Given his eminent social standing in Rostrevor as a hedge school master, it is likely that Tom Dunn attended the dinner with Wolfe Tone.



Photos courtesy of Paul Stewart

It was no coincidence that grace was said by a Presbyterian clergyman as a considerable number of them may have offered “tacit” support to the United Irishmen. Some even played a prominent role. “Of 183 Presbyterian ministers in Ulster, eighteen were known sympathisers with the rebellion, ten were imprisoned, and two of them executed”.^{viii}

Dr Moody would have been counted among the ten imprisoned after he was detained in the Linenhall in Newry in 1798. For Joe Connellan, the “harsh” treatment that he received damaged his health and “he died shortly after his release in 1799 – undoubtedly a martyr to the cause of the Irish Republic”.^{ix}

When the United Irishmen were mentioned once more at the Arnos Vale banquet, Tone recorded there was: “universal approbation... wonderful to see how rapidly the Catholic mind is rising, even in this tory (pro-establishment) town... one of the worst spots in Ireland”. Ironically, Arnos Vale was owned by James Moore, a merchant with business interests in India as well.^x He was an officer in the Narrow Water yeomanry, a unit later linked to the flogging of Tom Dunn.^{xi}

In April 1798, according to Newryman, Samuel Turner, a leading United Irishman turned informer, “one Mercer who did live near Newry now lived in Glou'ster Street, Dublin... was a very great supporter, both by his writings & money of the United Irish system, he was a dangerous man, a great republican & very rich & largely connected about Newry”.^{xii}

Colonel Robert Ross, MP for Newry, also had a home in Gloucester Street, Dublin. He had owned the family estate in Rostrevor until he sold it in 1786 to his brother, David, father of

Major General Robert Ross.^{xiii} He had a distinguished army career, not least during the Seven Years' War, 1756-63, fighting in North America. He served in the British army for a time there with George Washington (future first President of the USA).^{xiv} Ross has been described as a "staunch defender of the protestant ascendancy", a man who had "no qualms about hanging innocent men, arguing that it would pacify the country and prevent further violence".^{xv}

While Wolfe Tone initially struggled to stir Catholics in the area to the cause, by 1797 Rostrevor was said to be swarming with United Irishmen.^{xvi} Local folklore indicates that the pike heads were made by McCormick, the blacksmith. A Rostrevor rental roll for 1810 identifies Dan McCormick as a

blacksmith.^{xvii} He was a member of the Church of Ireland in Rostrevor who appears to have been related to the vicar there from 1784 until 1798, the Rev. Joseph McCormick. The latter's departure from his ministry in 1798 may have been coincidental, though nonetheless worth pointing out.^{xviii} The son of a wealthy Rostrevor merchant, he became Rector of Moyaliffe, in the Diocese of Cashel. He died, however, in his native Rostrevor in July 1815, aged 55.^{xix} Not long before he died, a premises owned by him in Water Street was leased to Dan McCormick for use as a forge.^{xx}

A large French invasion force failed in its attempt to land at Bantry Bay in 1796 to assist the independence cause of the United Irishmen. The crown authorities in Dublin decided to suppress the United Irishmen movement, including raising local units of yeomanry and resorting to ruthless disarmament tactics. The hard-line policy was dubbed "the dragooning of Ulster". A "rampage of state terror" ensued.^{xxi}



Photos courtesy of Paul Stewart

The locally based Ancient British Fencibles (Ancient Britons or Welsh Horse as some people called them), became notorious for their "excessive brutality".^{xxii} They were nicknamed the "Bloody Britons". A search operation for arms which began at the home of a Presbyterian in Ballyholland ended up with twenty-six

people, young and old, being massacred.^{xxiii}

According to folklore, the Welsh Horse were intent on moving into Burren and "might have massacred all before them only for Capt. Hall's Yeomen... When the Lower Burren people heard what the Welsh Horse were doing around Corraghs they ran to Hall's ... and told him, and he came up with his Yeomen and

stopped the Welsh Horse at McMahon's in Burren and wouldn't let them go no further. Only for that God knows where they would have stopped they said."^{xxiv} Guy Beiner has noted that while the "the loyalist yeomanry in south Down were often accused of committing atrocities", on this occasion they stepped into prevent further slaughter.^{xxv}

On a separate occasion the Ancient Britons raided along the route from Hilltown to Kilbroney, burning a number of homes. Noticing a young woman hiding in a barrel one of the troopers pushed her over a steep cliff to her death. According to Crawford, when the same trooper returned to the scene sometime later an impulsion gripped him. He galloped off the same cliff to his death. The area is known as "Trooper's bed" to this day.^{xxvi} The Ancient Britons and the Narrow Water yeomanry commanded by Captain Savage Hall have been linked to the arrest and flogging of Tom Dunn. On this occasion, as we shall see, another intervention by Captain Hall came too late to save the life of Tom Dunn.

On the occasion of the one hundredth anniversary of Tom Dunn's death a correspondent addressed a letter on the subject to the editor of the Newry Reporter

Dear Sir,

On Monday last was celebrated in Rostrevor Roman Catholic Church the hundredth anniversary of Thomas Dunn, supposed to be the Dunn who was flogged almost to death at a place called the Cherry Hill in Rostrevor, for being a United Irishman. To the credit, be it said, of the then Squire Hall of Narrow-Water, Warrenpoint, who had in his service a near relative of the flogged man, named Peggy Dunn, she begged her master to go and save her friend, and the Squire immediately ordered a horse and galloped to Rostrevor, just in time to save Dunn's life, who died, however, a few weeks after. His headstone is still to be seen in old Kilbroney graveyard bearing date 2nd August 1798. This ended the flogging of United Irishmen at Rostrevor. The inhuman practice was then to flog one man until he would reveal the name of another.

Truly yours,

A SYMPATHISER WITH THE HEROES OF 1798

(Letter to the Editor, Newry Reporter, Wednesday August 10th 1898)

Around the same time Mrs Cordner Pinkerton name checked Tom Dunn in the 1898-99 edition of The Open Window, a much respected journal published in Newry. She recommended places to visit in Rostrevor. "Here too will be found the grave of Thomas Dunn - of 1798 fame. The stone bears the date 2nd August, 1798. Dunn was publicly flogged at a place called Cherry Hill (Rostrevor), a penalty inflicted on United Irishmen to extract from them the names of other members of the Society. To the humane interference of the then Squire Hall, of Narrow-Water, is attributed the saving of Dunn's life. Hearing of the brutal punishment intended, he rode with all haste to the scene and rescued Dunn from his barbarous tormentors. The treatment, however, left its mark, and the unfortunate man died shortly after".^{xxvii} Evidently, the story of Tom Dunn was so well known it did not have to be retold in detail. There is no mention that he refused to divulge the names of his comrades, even though it is implied.



Michael George Crawford (author of *Legendary Stories of Carlingford Lough*) provides the most detailed account of what happened in an article published in 1915.^{xxviii} He depicted Tom Dunn as a “peasant-patriot”, a man who sacrificed his life rather than betray his principles and the names of his comrades in the Society of the United Irishmen. As this version of the Tom Dunn story goes, a spy brought information connecting him with the United Irishmen. A detachment of yeomanry from Warrenpoint (the Narrow Water yeomanry which included some Catholics)^{xxix} went to Dunn’s cottage. He was arrested and hauled to the barrack at Cherry Hill.

Tom Dunn was initially offered a free pardon in exchange for the names of the United Irishmen in the area but he refused instantly, stating:

"I will suffer any torture you may inflict on me cheerfully and even face death itself rather than be a traitor to my country and people. For what would it avail me to live a short number of years on the money obtained by selling the lives of innocent men who always trusted me and go to the grave disgraced with even my memory execrated for all time?"

His sentence of 250 lashes with the cat-o-nine tails was imposed to “strike terror in the heart of all the rebels for miles around.” The court ordered the entire population of the district to be “rounded up” and forced to witness the punishment being inflicted. The clothes stripped from his back, Tom Dunn was then tied to a triangle. Different men took it in turns to administer them.

Crawford’s account is illustrated at various points by the verses of a poem. The late Sean Cooper from Rostrevor was able to recite this poem, having heard his father say it repeatedly. The poem references the “savage” men who administered the lashes, probably a reference to the fact that they were members of the Narrow Water Yeomanry, commanded by Savage Hall.^{xxx} As has been mentioned, Savage Hall was not present when the flogging started. (Like Robert Stewart, later Lord Castlereagh, he shifted allegiance. Both had been founding members of the liberal Northern Whig club in Belfast in 1790).^{xxxi}

It has been said that every time Dunn became unconscious, he was revived with whiskey and water. Lashes were normally administered in lots by a number of different men. After 200 lashes “Squire” Hall appeared on the scene and ordered the flogging to cease.^{xxxii}

Another version of the arrest and flogging of Tom Dunn was recounted by the late John Joe Parr, a highly regarded local historian.^{xxxiii} (During 1797 and early 1798, it should be noted that the barracks in Rostrevor may have been occupied by members of the Ancient British Fencible cavalry, Ancient Britons or “Welsh horse”. They wore blue tunics).^{xxxiv}

Though a wild storm was raging at the time, the military, yeomanry and Welsh Horse raided Dunn’s house on the information of an informer. It stood in the centre of a row of three small cottages. The troops burst the door open with the butts of their muskets. Dunn was accused of being a member of an illegal society. He was offered a free pardon and a reward if he would reveal the names of his confederates and give evidence against them. Dunn refused and he was tied to a tree and flogged at Cherry Hill.^{xxxv}

It is known from historical record that the Welsh Horse (Ancient Britons) departed from the area in March 1798. If they were involved it had to be before then. Remarking on the

government's "campaign of terror", Lecky singled out the conduct of the Ancient Britons who "killed young and old alike" in the Newry area.^{xxxvi}

It should be noted that flogging was a typical punishment for indiscipline in the British Army at the time. Private O'Neil, a Catholic from Dundalk, was sentenced to receive 300 lashes with the "cat" for refusing to attend a Church of England service in Gibraltar in 1811. Just like Tom Dunn he was made an example of. His regiment formed a square to witness it. He was tied to a triangle and the clothes were stripped from his back.^{xxxvii}

O'Neil later documented what happened. Soldiers took it in turns to administer 25 lashes. After the first batch, "blood was already flowing from my back". Repeatedly he was asked if he would give up but would not. He described the "cat" as being "composed of nine small cords, twisted very hard, and having three knots on each cord; sometimes the ends of these are bound with wire".^{xxxviii}

The ordeal which Tom Dunn endured is perhaps most graphically illustrated by the recollection of a witness to the flogging of Hood Haslet from Ballymena in 1798. Sentenced to 500 lashes, after the first 100, he was heard to exclaim, "I am a cutting-through".^{xxxix}

Tom Dunn was survived by his wife. "Widow Dunn" features in a Rostrevor rental roll dated 1810 as "Head of property" with a holding of just over seven acres.^{xl}

As time has passed others have written of Tom Dunn, not least Joe Connellan (1953), Sean (Jack) Crawford (1994) and Anthony Russell (1998).^{xli} Based to a large extent on folklore, he is also a key character in two novels penned by local writer "Kathleen O'Farrell" (Siubhán Ó Dubháin); Kilbroney (1992) and The Fiddler of Kilbroney (1994), as well as a Ballad Opera penned by Siubhán Ó Dubháin called The Bell which premiered in Rostrevor Presbyterian Community Hall in 1987. As with the various oral accounts, these written ones are inconsistent at times. Nevertheless, the basic thrust of the story is the same; Tom Dunn died as a result of a public flogging, refusing to betray others.

Tom Dunn is buried in Kilbroney graveyard. According to Michael George Crawford, he was only waked for one night as it was feared the yeomen could return in search of his comrades. With lookouts posted, wanted men paid their last respects. In the early decades of the twentieth century "his burial place is pointed out with pride as the grave of one who died that others might live".^{xlii}

At events organised by the Tom Dunn Society over the decades, tributes have been paid by a series of luminaries, not least Nobel Laureate, John Hume. He raised a "Toast to the United Irishmen" at the Dunn's Night dinner in 2003. He described Tom Dunn as "part of a great tradition of learning, of the sharing of ideas and the cultivation of thinking, which sowed the seeds of revolutionary ideas in this country and abroad". Of the United Irishmen, he said Civil Rights leaders of his generation "were inspired by the ideals of equality. We were inspired by the ideals of justice. We were inspired by the ideals of rights for all".^{xliii}





Cór na nÓg



ⁱ Tony Crowley, *The Politics of Language in Ireland 1366-1922: A Sourcebook*, 2000, p.91.

ⁱⁱ <https://www.ancestryireland.com/history-of-the-irish-parliament/background-to-the-statutes/education/hedge-schools/>

ⁱⁱⁱ Michael George Crawford, *The flogging of Thomas Dunn. A tragedy of Cherry Hill, Rostrevor*, *The Frontier Sentinel*, 25 Sept. 1915.

^{iv} John McCavitt, *Historical Anecdote – Wolfe Tone and ‘Tory’ Rostrevor*, *Cuisle na nGael*, Newry, 1992, p.131.

^v *Ibid.*

^{vi} *Ibid*; Joe Conellan, *Seeds of the Republic in County Down, 1791-98*, *Frontier Sentinel*, 8 Aug.1953. See also Réamonn Ó Muirí, *Newry and the French Revolution, 1792*, *Seanchas Ard Mhacha*, Vol.13, 1989, pp 102-120.

^{vii} *Account of Mr Mercer*, *The Monthly Magazine*, 1801, Vol.12, 469-71.

^{viii} John McCann, *The Northern Irish Liberal Presbyterians 1770-1830*, in *The Canadian Journal of Irish Studies*, Vol.21, No.1, July, 1995, p.103.

^{ix} Joe Conellan, *Seeds of the Republic in County Down, 1791-98*, *Frontier Sentinel*, 8 Aug.1953. “Newriensis” remarked that the prisoners in the Linenhall were “all treated with great harshness”. *Newriensis*, *Historical sketch of Newry*, 1876, p.199.

^x *The Newry Magazine*, 1815, pp 105-106

^{xi} *Crossle Papers*, Newry families, Moore, vol.2, Newry City library. Moore was originally captain but became first lieutenant when superseded by Savage Hall.

^{xii} C.J.Woods, *Samuel Turner’s information on the United Irishmen, 1797-8*, *Analecta Hibernica*, No.42, 2011, p.208.

^{xiii} *History of the Irish Parliament, 1692-1800*, Vol.6, pp 191-193.

^{xiv} John McCavitt and Christopher T. George, *The Man Who Captured Washington: Major General Robert Ross and the War of 1812*, 2016, p.8.

^{xv} <https://www.dib.ie/biography/ross-robert-a7807>

^{xvi} Charles Dickson, *Revolt in the North. Antrim and Down in 1798*, 1960, p.106.

^{xvii} *Rostrevor Rental Roll, 1810*, *Reside MSS*, Newry and Mourne Museum, Bagenal’s Castle, Newry.

^{xviii} *Wooden plaque in Kilbroney Parish Church*. I am grateful to the Rt. Rev. Darren James McCartney, vicar of Kilbroney, for pointing out the possible significance of 1798 as the date of the end of his ministry in Rostrevor.

^{xix} *Crossle Papers*, Newry families, McCormick, Vol.5, Newry City library.

^{xx} *Handwritten notes about McCormick family history by local historian, Robert Linden*, in the possession of Donal McCormack.

^{xxi} Guy Beiner, *Forgetful remembrance: Social Forgetting and Vernacular historiography of a Rebellion in Ulster*, 2018, pp 57-8.

^{xxii} *Ibid.*

^{xxiii} Francis Peter Plowden, *The History of Ireland, from its union with Great Britain, 1811*, pp 92-96; Paul H.Haycock, *The Ancient British Fencible Cavalry, Newry – April 1787/March 1798*, p.74 , *Napoleonic Association*, 2002, draft, (copy in the Library of the Gaeláras, Chapel Street, Newry).

^{xxiv} Michael J. Murphy for the Irish Folklore Collection in 1956 *National Folklore Collection*, University College Dublin, MS 1470, pp 199-202. The author is grateful to Professor Guy Beiner for sending him a PDF of this material.

^{xxv} Beiner, *Forgetful remembrance*, p.479.

^{xxvi} Crawford, *The flogging of Thomas Dunn*.

^{xxvii} *The Open Window, 1898-99*, Newry, pp 61-62. “Tradition” in Clonallon parish credits Savage Hall with a “timely intervention” which “saved the life of a United Irishman named Dunn of Rostrevor”. See Padraic Keenan, *Clonallon Parish: its annals and antiquities*, 1942, p.22.

^{xxviii} Crawford, *The flogging of Thomas Dunn*.

^{xxix} Joe Conellan, *Seeds of the Republic in County Down, 1791-98*, *Frontier Sentinel*, 19 Sept. 1953.

^{xxx} Thomas Dunne, *Rostrevor’s Peasant-Patriot*, *Cuisle na nGael*, Newry, 1988, pp 50-56.

^{xxxi} Dickson, *Revolt in the North*, pp 245-47.

^{xxxii} Crawford, *The flogging of Thomas Dunn*.

^{xxxiii} *Notes by John Joe Parr in the possession of his nephew, Gary Parr*.

^{xxxiv} Haycock, *The Ancient British Fencible Cavalry*. *Rostrevor Barracks and land was offered for sale on 25 Sept. 1818*. See *Carlow Morning Post*, 29 Oct. 1818.

^{xxxv} John Joe Parr also states that Tom Dunn was a hedge school master.

^{xxxvi} W.E.H. Lecky, *Ireland in the Eighteenth Century*, abridged version with Introduction by L.P.Curtis, 1972, p.319.

^{xxxvii} Charles O’Neil, *The Military Adventures of Charles O’Neil*, 1851, pp 44-48.

^{xxxviii} *Ibid.*


^{xxxix} Robert Magill Young, *Ulster in 98*, 1893, p.17.

^{xl} *Rostrevor Rental Roll, 1810*.

^{xli} Joe Conellan, *Seeds of the Republic in County Down, 1791-98*, *Frontier Sentinel*, 26 Sept. 1953; Sean Crawford, *The Fate of Thomas Dunn*, in *Mourne Rambles*, 1994, pp 20-21; Anthony Russell, *Beyond the Battle, 1798*, south down and south Armagh, p.14.

^{xlii} Crawford, *The flogging of Thomas Dunn*.

^{xliii} John Hume, toast to the United Irishmen, https://cain.ulster.ac.uk/john_hume/docs/Hume_2003-08-02_speech.pdf





Pictiúr cúil le caoinchead Ted Yates



Arna fhoilsiú ag
Craobh an Iúir de Chomhaltas Uladh